An Scéim Tacaíochta Tithe Altranais

Foirm iarratais agus eolas tacaíochta

Leagan 2
Aibreán 2023

Clár na nÁbhar

Eolas maidir leis an bhfoirm iarratais	3
An fhoirm iarratais a chomhlánú	5
Treoir Mhearthagartha: Doiciméid is gá duit a sheoladh isteach i dteannta na foirme	6
Seicliosta	13
Tar éis duit d'fhoirm iarratais a sheoladh	14
Cuid 1 - Sonraí an iarratasóra	15
Cuid 2 – Iarratas ar mheasúnú ar riachtanais chúraim	18
Cuid 3 - Sonraí ioncaim, sócmhainní agus asbhaintí	20
Cuid 4 – Iarratas ar Thacaíocht Stáit	26
Cuid 5 – Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)	28
Cuid 6 – Srian 3 bliana ar fheirmeacha agus gnólachtaí iomchuí	32
Fógra cosanta sonraí	37
Oifigí Tacaíochta Tithe Altranais FSS	38

Eolas maidir leis an bhFoirm Iarratais

Bain úsáid as an bhfoirm seo le hiarratas a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais.

Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais de chuid FSS i do cheantar. Is féidir lenár bhfoireann cabhrú leat d'iarratas a chomhlánú.chomh maith. Tá sonraí teagmhála na nOifigí Tacaíochta Tithe Altranais le fáil ag deireadh an doiciméid seo.

Agus tú ag dul trídan bhfoirm iarratais seo, feicfidh tú eolas tacaíochta ar an taobh clé de na codanna atá le comhlánú.

Céard í an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais?

Má theastaíonn cúram i dteach altranais uait, is féidir leat cur isteach ar thacaíocht airgeadais le cabhrú leat íoc as costas an chúraim sin tríd an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais. Tugtar 'an Margadh Cothrom' nó 'Fair Deal' ar an scéim freisin. Íocann tú cuid de na táillí tí altranais agus íocaimidne an chuid eile. Baineann an scéim seo le tithe altranais poiblí, príobháideacha agus deonacha atá cláraithe leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA). Gníomhaireacht reachtúil is ea é sin, atá maoinithe ag an rialtas agus a dhéanann monatóireacht ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na dtithe altranais.

Ní mór duit a bheith ceadaithe le haghaidh an Mhargaidh Chothroim sula mbeidh tú in ann maoiniú a fháil le haghaidh teach altranais. Tá an rogha agat íoc as cúram go príobháideach agus tú ag feitheamh ar an maoiniú. Ní féidir maoiniú a bhronntar faoin Margadh Cothrom a shiardhátú, áfach, agus ní íocfar é ach amháin ó dháta a cheadaithe ar aghaidh.

Tabhair do d'aire nach gclúdaíonn an Margadh Cothrom:

- cúram gearrthéarmach, amhail cúram faoisimh, cúram téarnaimh nó cúram lae

  ná

- táillí breise a ghearrann an teach altranais as seirbhísí cosúil le gruagaireacht, teiripí nó gníomhaíochtaí.

Is féidir leat a fhiafraí de do theach altranais céard iad na táillí breise a bheidh le híoc as a leithéid de sheirbhísí. Ní mór comhaontú maidir leis na costais bhreise sin a bheith i bhfeidhm faoin am a rachaidh tú isteach sa teach altranais.

Cé dó a gceadaítear cur isteach ar an scéim?

Ceadaítear do dhuine ar bith a bhféadfadh cúram fadtéarmach i dteach altranais a bheith ag teastáil uaidh nó uaithi cur isteach uirthi. Ní mór duit a bheith i do ghnáthchónaí i bPoblacht na hÉireann, rud a chiallaíonn go bhfuil tú i do chónaí anseo le bliain ar a laghad nó go bhfuil sé i gceist agat a bheith i do chónaí anseo go ceann bliana ar a laghad.

Teach altranais a roghnú

Tá sé tábhachtach breathnú ar thithe altranais éagsúla sula roghnóidh tú ceann. Ba cheart duit coinne a dhéanamh le cuairt a thabhairt ar an teach altranais sula ndéanfaidh tú cinneadh.

Déan teagmháil leis an teach altranais is fearr leat chomh luath agus is féidir. Beidh ort a fháil amach an bhfuil áit ar fáil acu agus an mbeidh siad in ann freastal ar do riachtanais chúraim. B'fhéidir go mbeadh liosta feithimh acu.

Mura bhfuil áit ar fáil sa teach altranais atá uait, tá an rogha agat dul chuig ceann eile go sealadach. Beidh tú in ann cur isteach ar aistriú ansin a luaithe a bheidh áit ar fáil i do rogha teach altranais.

Má tá tú ag cabhrú le duine cur isteach ar chúram tí altranais, tabhair cead cainte agus cead a chinn don té a oiread agus is féidir. Smaoinigh ar a roghanna agus a luachanna pearsanta sula roghnóidh sibh teach altranais.

Iniúchtaí ar thithe altranais

Déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) iniúchadh ar gach teach altranais cláraithe. Is féidir leat na tuairiscí iniúchta ar thithe altranais a léamh ar www.hiqa.ie.

Cén chaoi ar féidir liom cur isteach ar thacaíocht tí altranais?

Tá 4 chéim sa phróiseas déanta iarratais:

1. **Foirm Iarratais**
   Ní mór duit an fhoirm iarratais seo a chomhlánú agus a shíniú.
2. **Measúnú ar riachtanais chúraim**
   Déanfaimid teagmháil leat le measúnú ar riachtanais chúraim a shocrú. Déanfaidh sé sin measúnú ar an ngá atá agat le cúram tí altranais.
3. **Measúnú airgeadais**
   Ríomhfaimid an méid a íocfaidh tú faoi chomhair chostas an chúraim tí altranais. Braithfidh an méid ar d'ioncam agus ar do chuid sócmhainní.

   Is éard is ioncam ann ná an t-airgead a fhaigheann tú ar bhonn rialta agus áirítear le sócmhainní airgead tirim, infheistíochtaí agus réadmhaoin. Braithfidh an méid a íocfaidh tú as do chúram ar

d'ioncam agus ar luach do chuid sócmhainní. Ní íocfaidh duine ar bith níos mó ná costas a chúraim. Fanfaidh do ranníocaíocht mar an gcéanna agus íocfaimidne an chuid eile.

4. **Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)** ***(roghnach)***
   Is gné roghnach é seo de scéim an Mhargaidh Chothroim dóibh siúd a bhfuil sócmhainní ar nós talún agus réadmhaoine acu.

Céard í an iasacht tí altranais?

Is féidir leat cur isteach ar iasacht tí altranais má tá réadmhaoin agat i bPoblacht na hÉireann. Tugtar Tacaíocht Choimhdeach Stáit air seo. D'fhéadfadh teach, talamh, réadmhaoin ghnó nó aon réadmhaoin eile a bheith sa réadmhaoin sin. **Tá an iasacht tí altranais roghnach.** Más mian leat cur isteach ar an iasacht, iarrtar ort Cuid 5 den fhoirm seo a chomhlánú. Téigh chuig leathanach 28 le haghaidh na coda sin den fhoirm agus le tuilleadh eolais a fháil faoin iasacht tí altranais.

Uaireanta tógann sé roinnt míonna iarratas a dhéanamh ar iasacht tí altranais toisc go gcaithfear a lán doiciméid oifigiúla a bhailiú le chéile. Molaimid duit cur isteach ar an iasacht agus tú ag cur isteach ar mhaoiniú faoin Margadh Cothrom. Ní gá duit glacadh leis an iasacht tí altranais má cheadaítear duit í.

An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú

Tá 6 Chuid san fhoirm le comhlánú. Ní mór do gach iarratasóir Cuid 1 – Cuid 4 a chomhlánú. Is gné roghnach den fhoirm í Cuid 5 agus ní bhaineann Cuid 6 ach le daoine áirithe amháin.

Cabhair a fháil leis an bhfoirm iarratais seo

Is féidir le gaol nó cara leat cabhrú leat an fhoirm iarratais seo a chomhlánú. Cuir isteach sonraí an duine sin ar leathanaigh 16 agus 17.

Má tá comhaontú cúnaimh cinnteoireachta nó comhaontú comhchinnteoireachta déanta agat le duine le cabhrú agus le tacú leat le do chinneadh le cur isteach ar Thacaíocht Stáit faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais, is féidir leat sonraí teagmhála an duine sin a chur isteach ar leathanach 16. Iarrtar ort cóip d'aon chomhaontú den sórt sin a chur chugainn, agus í deimhnithe mar chóip dhílis ag an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí.

Treoir Mhearthagartha agus Seicliosta

Sula dtosóidh tú ar an bhfoirm a chomhlánú, téigh chuig leathanach 6 agus tarraing amach an Treoir Mhearthagartha agus an Seicliosta, rudaí a chabhróidh leat agus an fhoirm á comhlánú agat. Sa treoir seo tugtar eolas duit ar na doiciméid is gá duit a chur isteach i dteannta d'iarratais.

Fógra cosanta sonraí

Molaimid duit an fógra seo a léamh ar leathanach 37. Tugtar cuntas ann ar an gcaoi a n-úsáidfimid an fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil dúinn.

Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil má bhíonn cabhair ag teastáil uaim?

Seans go mbeidh ceisteanna agat tar éis duit dul tríd an leabhrán seo. Má bhíonn, téigh chuig hse.ie/nhss nó déan teagmháil leis an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais de chuid FSS i do cheantar. Tá liosta na n-oifigí go léir le fáil ar leathanach 38.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin le HSELive ó Luan go hAoine, 8 r.n. go 8 i.n., agus Satharn agus Domhnach, 9 r.n. go 5 i.n. ar 1800 700 700 nó +353 1 240 8787 (ó lasmuigh d'Éirinn).

Cuid 1 - Sonraí an iarratasóra

Cuid 2 – Iarratas ar mheasúnú ar riachtanais chúraim

Cuid 3 - Sonraí ioncaim, sócmhainní agus asbhaintí

Cuid 4 – Iarratas ar Thacaíocht Stáit

Cuid 5 – Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)

Gné roghnach de scéim an Mhargaidh Chothroim is ea an iasacht tí altranais. Is rogha í má tá sócmhainní, amhail talamh agus réadmhaoin, ag an duine atá le dul faoi chúram tí altranais. I gcás iasacht tí altranais, is féidir íoc as an gcúram a chur siar go dtí go mbeidh an duine éagtha, agus leas a bhaint as a leithéid de shócmhainní in urrús ar an iasacht.

Cuid 6 – Srian 3 bliana ar fheirmeacha agus gnólachtaí iomchuí

Ní bhaineann an chuid seo ach le daoine a bhfuil feirmeacha agus gnólachtaí acu atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus á n-oibriú acu.

Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe, mar aon leis na doiciméid atá liostaithe ar leathanach 13, ar ais chuig an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais i do cheantar. Cuirfimid in iúl duit é nuair a bheidh d'iarratas faighte againn.

Treoir Mhearthagartha agus Seicliosta

Tarraing amach an chuid seo agus coinnigh í le go mbeidh tú in ann tagairt di amach anseo

Céard iad na doiciméid is gá dom a sheoladh isteach i dteannta na foirme iarratais comhlánaithe?

Tarraing amach an chuid seo lena húsáid mar threoir mhearthagartha maidir le Cuid 1, Cuid 3, Cuid 5 agus Cuid 6. Ní gá duit an treoir ná an seicliosta seo a chur isteach i dteannta d'iarratais – coinnigh iad le go mbeidh tú in ann tagairt dóibh amach anseo.

Duine sonraithe – Cuid 2 den Fhoirm Iarratais

Faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais, féadfaidh "duine sonraithe" gníomhú thar ceann duine eile i gcás nach bhfuil sé d'acmhainn ag an duine eile sin iarratais a dhéanamh ar mheasúnú ar riachtanais chúraim, ar Thacaíocht Stáit, ná ar athbhreithniú ar mheasúnú, ná achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh arna dhéanamh ag FSS, i measc nithe eile. D'fhéadfadh an duine sonraithe a bheith ina c(h)éile / p(h)áirtí nó ina leanbh (os cionn 18 mbliana d'aois) leis an iarratasóir. D'fhéadfadh an duine sonraithe a bheith ina d(h)ochtúir, (h)altra nó (h)oibrí sóisialta.

Is tromchúiseach na dualgais a leagtar ar an duine sonraithe. Leagtar amach san Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (alt 46A) na ***Prionsabail maidir le daoine sonraithe.*** Ba cheart do dhuine sonraithe na prionsabail sin a léamh ina n-iomláine agus ní mór dó nó di na prionsabail a thuiscint agus gníomhú dá réir. Áirítear leis na prionsabail gníomhú i gcónaí de mheon macánta agus ar mhaithe leis an duine, agus aird a thabhairt ar imthosca aonair an duine eile agus ar gach imthoisc eile a bhfuil sé nó sí ar an eolas fúithi. Áirítear leis na prionsabail freisin:

- srian ar chearta agus ar shaoirse ghníomhaíochta a íoslaghdú
- meas a léiriú ar dhínit, ar shláine coirp, ar phríobháideacht agus ar neamhspleáchas an duine eile, chomh maith le ceart an duine sin chun rialú a bheith aige nó aici ar a chuid cúrsaí airgeadais agus réadmhaoine féin
- éifeacht a thabhairt, a mhéid is indéanta, do gach uacht agus rogha san am i láthair agus san am atá thart
- a bheith comhréireach agus gan gníomhú ach chomh fada agus is indéanta
- an duine eile a cheadú, a spreagadh agus a éascú le páirt a bheith aige nó aici in aon iarratas a dhéanfar ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais
- creideamh agus luachanna an duine eile a chur san áireamh
- tuairimí aon duine a ainmneoidh an duine eile mar dhuine le dul i gcomhairle leis nó léi a chur sa mheá
- gach taifead agus faisnéis a choinneáil slán sábháilte ach gan iad a choinneáil ach a fhad is gá.

Ní mór duit cruthúnas ar d'ioncam agus do shócmhainní a sheoladh chugainn ionas go mbeimid in ann do ranníocaíocht sheachtainiúil faoi chomhair chostas an chúraim tí altranais a ríomh. Tá asbhaintí ann freisin is féidir leat a dhealú ó d'ioncam iomlán sa mheasúnú airgeadais.

D'fhonn cabhrú leat do bhealach a dhéanamh, tá an t-eolas seo briste síos ina shé chuid againn a bhaineann le Cuid 3A, Cuid 3B, Cuid 3C, Cuid 3D, Cuid 5 agus Cuid 6 den fhoirm iarratais.

Ioncam (Cuid 3A den Fhoirm Iarratais)

Má íoctar ioncam go díreach isteach i do chuntas bainc, ní mór duit ráitis bhainc le 6 mhí anuas a thabhairt dúinn, chomh maith leis na doiciméid atá liostaithe thíos.

Pinsean

Má íoctar do phinsean Stáit isteach i do chuntas bainc, glacfaimid le ráitis bhainc ar ar féidir na híocaíochtaí seachtainiúla a fheiceáil. Mura n-íoctar amhlaidh, tabhair dúinn admháil a thug An Post duit le déanaí nó litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina luaitear méid an phinsin.

Pinsean neamh-Éireannach

Má fhaigheann tú íocaíochtaí slándála sóisialta nó pinsean ó thír eile, tabhair dúinn an duillín pá is déanaí nó litir ón ngníomhaireacht slándála sóisialta ina luaitear an méid a íoctar. Is féidir linn glacadh le ráitis bhainc a bhfuil an íocaíocht le sonrú orthu chomh maith.

Pinsean ceirde

Tabhair dúinn do dhuillín pá is déanaí, P60 ó na Coimisinéirí Ioncaim nó deimhniú tuillimh.

Ioncam ó fhostaíocht, trádáil nó gairm bheatha, lena n-áirítear obair pháirtaimseartha

Tabhair dúinn ceann amháin de na nithe seo a leanas:

- duillín pá a eisíodh le déanaí
- Fógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim – is é seo an doiciméad ó na Coimisinéirí Ioncaim ar a léirítear an méid cánach a chaithfidh tú a íoc
- Fógra Féinmheasúnaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim agus cóip de do thuairisceán cánach is déanaí

Ioncam cíosa

Beidh cóip den chomhaontú cíosa agus den Fhógra Measúnachta is déanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim de dhíth orainn. Má tá aonad réadmhaoine agat lasmuigh de Phoblacht na hÉireann a ligeann tú ar cíos, beidh faisnéis maidir leis sin de dhíth orainn chomh maith.

Má tá do phríomháit chónaithe phríobháideach á ligean ar cíos agat, féadtar an t-ioncam sin a mheasúnú ag ráta níos ísle ná cineálacha eile ioncaim. Is féidir leat an fhoirm iarratais maidir le hIoncam Cíosa ó Phríomháit Chónaithe Phríobháideach a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais i do cheantar. Tá tuilleadh eolais le fáil ar leathanach 20 agus leathanach 21.

Ioncam ó stiúrthóireacht

Beidh ráiteas ón gcuideachta nó ó na cuideachtaí de dhíth orainn, ina luafar:

- ainm cláraithe na cuideachta nó na gcuideachtaí
- uimhir chláraithe na cuideachta nó na gcuideachtaí
- céatadán na gceart vótála a rialaíonn tú
- cóipeanna de chuntais na cuideachta nó na gcuideachtaí don bhliain chánach roimhe
- ráiteas deireadh bliana ó na Coimisinéirí Ioncaim má fhaigheann tú tuarastal ón gcuideachta nó ó na cuideachtaí

Ioncam ó tháillí, coimisiúin, díbhinní nó ús

Tabhair dúinn ráiteas nó deimhniú úis nó díbhinní.

Ioncam ó shocraíocht, cúnant, eastát nó íocaíocht chothabhála

Beidh cruthúnas de dhíth orainn ar an ioncam a fhaightear ó na míreanna seo, lena n-áirítear an fhoinse agus an méid. Má fhaigheann tú íocaíochtaí cothabhála, beidh cóip den Chomhaontú Cothabhála le hOrdú Cúirte de dhíth orainn freisin, ina luaitear an méid cothabhála a fhaigheann tú gach mí.

Ioncam ó ríchíosanna agus blianachtaí

Tabhair dúinn cóip den Fhógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Ioncam aistrithe

Is éard atá i gceist leis seo ná ioncam ar bith a d'aistrigh tú chuig duine eile le 5 bliana anuas. Beidh doiciméad dlíthiúil de dhíth orainn (mionnscríbhinn shínithe, cuir i gcás), ina leagtar amach an méid airgid agus an dáta a aistríodh é.

Ioncam ó fheirm nó ó ghnó

Beidh cóip de do chuntais don bhliain chánach roimhe nó d'Fhógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim de dhíth orainn. Má ligeann tú aonad réadmhaoine, talamh nó feirm amach ar cíos, beidh doiciméid a léiríonn an t-ioncam sin de dhíth orainn. Beidh doiciméid a léiríonn deontais ón Roinn Talmhaíochta de dhíth orainn chomh maith.

Ioncam eile

Má tá ioncam agat ó aon fhoinse eile, tabhair dúinn sonraí agus doiciméid ábhartha a léiríonn an t-ioncam sin.

Sócmhainní airgid – Cuid 3B den Fhoirm Iarratais

Áirítear le sócmhainní airgid do choigilteas, stoic agus scaireanna, sócmhainní airgid aistrithe, bannaí, urrúis, airgead in institiúidí airgeadais nó airgead a thug tú ar iasacht do dhuine eile atá inaisíoctha leat.

Coigilteas agus taiscí

Beidh ráitis le 6 mhí anuas le haghaidh gach cuntais de dhíth orainn, ina léireofar ainm na hinstitiúide airgeadais, d'ainm agus uimhir an chuntais.

Stoic, scaireanna (lena n-áirítear scaireanna in uachtarlann nó comharchumann), bannaí, duaisbhannaí, urrúis agus ionstraimí airgeadais eile

Tabhair dúinn ráiteas ina léirítear líon na scaireanna, na stoc, na mbannaí nó na n-urrús, agus a luach reatha margaidh in euro.

Sócmhainní airgid aistrithe

Is éard atá i gceist leis seo ná airgead nó scaireanna a d'aistrigh tú chuig duine eile le 5 bliana anuas. Tabhair dúinn ráiteas ina léirítear an méid a aistríodh agus an dáta ar aistríodh é.

Sócmhainní airgid eile

Is éard atá i gceist leis seo ná aon sócmhainní eile, ar nós ciste pinsin. Mar shampla, má tá Ciste Scoir Formheasta agat.

Tabhair dúinn:

- an ráiteas sochar bliantúil deireanach
- cóip de dhoiciméad polasaí an Chiste Scoir Fhormheasta
- ráiteas reatha ar luach an chiste, ar a luach géillte nó ar a luach ina airgead

Asbhaintí is féidir linn a dhéanamh i ndáil le do shócmhainní airgid

Tá 2 chineál asbhainte ann i ndáil le sócmhainní airgid – iasachtaí agus íocaíochtaí sásaimh cáilitheacha.

Iasachtaíochtaí

Beidh ráiteas airgeadais agus comhaontú iasachta cothrom le dáta de dhíth orainn, ina ndeimhneofar an méid atá amuigh ort fós agus an fáth a bhfuair tú an t-airgead ar iasacht ar an gcéad dul síos.

Íocaíochtaí sásaimh cáilitheacha

Má fuair tú íocaíocht sásaimh ó cheann de na scéimeanna atá liostaithe thíos, is féidir linn í sin a bhaint de liosta do shócmhainní airgid. Ní mór duit ráiteas a thabhairt dúinn ón gcomhlacht iomchuí Stáit ina léirítear go bhfuil ceann de na híocaíochtaí sásaimh cáilitheacha san áireamh i do shócmhainní airgid.

Is iad seo a leanas na scéimeanna íocaíochta sásaimh iomchuí:

- An tAcht um Shásamh do Mhná a Raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe, 2015
- An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006
- Scéim Sásaimh Ospidéal Lourdes, 2007
- Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes
- Scéim ex-gratia Simfiseatóime Mháinliach
- íocaíochtaí a rinneadh le duine faoi Conterganstiftung für behinderte Menschen mar gheall ar mhíchumas arb é Thalidomide ba chúis leis

Sócmhainní neamhairgid iomchuí –
Cuid 3C den Fhoirm Iarratais

Cuirfear do shócmhainní neamhairgid san áireamh sa mheasúnú airgeadais freisin, amhail d'áit chónaithe agus aon sócmhainní réadmhaoine eile atá agat.

Príomháit chónaithe

Is éard atá i gceist leis seo ná d'áit chónaithe. Má tá d'áit chónaithe faoi d'úinéireacht nó do pháirtúinéireacht nó má tá leas saoil agat i d'áit chónaithe, tabhair dúinn luacháil reatha ó cheantálaí nó luachálaí cláraithe. Mura bhfuil ach ceart cónaithe agat, beidh doiciméad dlíthiúil de dhíth orainn ina sonraítear an méid sin.

Má tá d'áit chónaithe ar cíos agat, tabhair dúinn cóip den chomhaontú cíosa.

Ní chuirfear do phríomháit chónaithe san áireamh sa mheasúnú airgeadais ach maidir leis na céad 3 bliana de do thréimhse faoi chúram.

Réadmhaoin nó talamh eile

I gcás réadmhaoin eile, amhail tithe, talamh, foirgnimh nó réadmhaoin thar lear, beidh luacháil reatha ó cheantálaí nó luachálaí cláraithe ag teastáil uainn maidir le gach réadmhaoin nó limistéar talún ar leith.

Feirmeacha agus gnólachtaí

Tabhair dúinn:

- luacháil reatha ar an áitreabh feirme nó gnó
- an cuntas trádála brabúis agus caillteanais, an cuntas caipitil agus an clár comhardaithe don bhliain roimhe

Sócmhainní aistrithe

Má tá teach, feirm, gnólacht nó sócmhainn neamhairgid eile díolta nó aistrithe agat le 5 bliana anuas, tabhair cruthúnas dúinn ar na sonraí seo a leanas:

- dáta a n-aistrithe
- an luach margaidh tráth a n-aistrithe
- an méid a fuair tú ón díol nó ón aistriú
- sonraí faoin té a ndearnadh an t-aistriú chuige

Asbhaintí is féidir linn a dhéanamh i ndáil le sócmhainní neamhairgid iomchuí

Tá 1 asbhaint amháin ann a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndáil le do shócmhainní neamhairgid iomchuí – iasachtaíochtaí.

Iasachtaíochtaí

Má tá airgead faighte ar iasacht agat le réadmhaoin a cheannach, a dheisiú nó a fheabhsú, tabhair dúinn ráiteas ón institiúid airgeadais ina ndeimhnítear cuspóir na hiasachta agus an méid atá fós amuigh.

Má tá iasacht saoil (iasacht scaoilte cothromais) faighte agat le réadmhaoin a cheannach, a dheisiú nó a fheabhsú, ní mór duit ráiteas ón institiúid airgeadais a thabhairt dúinn ina léirítear an dáta a bhfuarthas an iasacht agus an méid bunaidh a fuarthas ar iasacht.

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar an iasacht tí altranais (ar Tacaíocht Choimhdeach Stáit í), beidh ort na nithe seo a leanas a chur chugainn chomh maith:

- cóip de théarmaí agus coinníollacha na hIasachta Saoil
- toiliú i scríbhinn ó sholáthraí na hiasachta go gcruthófar muirear eile i bhfabhar FSS
- ráiteas cothrom le dáta, a eisíodh le 6 mhí anuas, ar a bhfuil an méid atá amuigh ar an Iasacht Saoil le sonrú

Asbhaintí – Cuid 3D den Fhoirm Iarratais

Is féidir linn costais áirithe a asbhaint agus d'ioncam seachtainiúil á ríomh againn.

Costais sláinte

Is féidir linn réimse costais sláinte a asbhaint agus do ranníocaíocht sheachtainiúil á ríomh againn. Ní mór do na costais sin a bheith ag teacht le treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le costais sláinte cháilitheacha. Tá liosta iomlán na gcostas incheadaithe le fáil in "Tax and Duty Manual – Health Qualifying Expenses" ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Táillí oidis

Má d'íoc tú an táille oidis cárta leighis, nó cuid de chostas do chógas tríd an Scéim Íocaíochta Drugaí, tabhair dúinn ráiteas ó do chógaiseoir ar an 12 mhí anuas*.

I gcás gach costas sláinte cáilitheach eile, tabhair liosta de na costais seo le 12 mhí anuas*, lena n-áirítear na sonraí agus na doiciméid seo a leanas:

1. Sonraí faoin gcostas sláinte
2. An méid a chaith tú féin agus / nó do chéile / do pháirtí
3. Fianaise ar íocaíochtaí (admhálacha)
4. Fianaise ar oideas ó Chleachtóir Cláraithe (nuair is infheidhme)

Faoiseamh cánach ioncaim a d'fhéadfaí a éileamh (is é 20% an ráta caighdeánach amhail Eanáir 2020). Sampla: Más rud é gur tabhaíodh costais sláinte €100 in 2019, bain an faoiseamh cánach 20% (€20) ón iomlán agus is é €80 an asbhaint incheadaithe don bhliain.

Mura bhfuil tú faoi dhliteanas na cánach ioncaim, cuir é sin in iúl dúinn. Tabhair sonraí faoi aon aisíocaíocht atá déanta leat nó atá le déanamh leat ag soláthraí árachais sláinte.

*Breithneoidh FSS na costais sláinte don bhliain chánach roimhe seachas an 12 mhí roimh an iarratas má tá faoiseamh cánach éilithe agat agus más mian leat go ndéanfaí measúnú ort ar an mbonn sin. Más rogha leat go ndéanfaí amhlaidh, iarrtar ort an Ráiteas Deireadh Bliana (ar a dtugtaí an P21 tráth) ó na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt dúinn

Ús ar aisíocaíochtaí morgáiste

Tabhair dúinn ráiteas reatha morgáiste ina léirítear an méid atá fágtha ar an morgáiste agus d'aisíocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla.

Íocaíocht chíosa

Más rud é go n-íocann tú cíos agus go mbeidh do pháirtí / céile ag fanacht sa réadmhaoin ar cíos tar éis duit dul isteach i gcúram fadtéarmach, tabhair dúinn ceann de na nithe seo a leanas:

- cóip cothrom le dáta de do chomhaontú tionóntachta
- admhálacha cíosa
- cóip de do leabhar cíosa

Má tá aonad údaráis áitiúil ar cíos agat, tabhair dúinn:

- litir ón údarás áitiúil ina léirítear an méid a íocann tú gach seachtain
- cóip den admháil chíosa, má íocann tú trí oifig an phoist é

Má tá do chíos laghdaithe toisc go bhfuil tú féin nó do chéile / páirtí ligthe isteach i dteach altranais, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn.

Íocaíochtaí cothabhála

Tabhair dúinn cóip den chomhaontú cothabhála reatha agus cruthúnas ar na híocaíochtaí (amhail litir ó d'iar-chéile ina ndeimhnítear an méid agus cé chomh minic a fhaigheann sé nó sí iad).

Cáin mhaoine

Tabhair cruthúnas íocaíochta / fianaise dúinn ar do dhliteanas ina leith seo.

Leanaí cleithiúnacha

Má tá leanbh agat atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó in oideachas lánaimseartha, agus má tá costais agat a bhaineann le cothabháil, cúram leanaí nó oideachas an linbh, tabhair sonraí faoi na costais sin dúinn.

Iasacht tí altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit) –
Cuid 5 den Fhoirm Iarratais

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar Thacaíocht Choimhdeach Stáit, nó an iasacht tí altranais mar is fearr aithne uirthi, beidh doiciméid bhreise de dhíth orainn.

Ní mór duit cruthúnas a thabhairt dúinn i gcás gur leat féin nó le do chéile / do pháirtí an réadmhaoin.

Seo a leanas na cineálacha cruthúnais a nglacfar leo:

- uimhir an fhóilió
- cóip den ghníomhas
- cóip den léas, más réadmhaoin léasach í

Cabhróidh an t-eolas seo a leanas leat teacht ar na doiciméid a bheidh ag teastáil uainn le d'iarratas ar iasacht tí altranais a phróiseáil.

Ionadaí cinnteoireachta

Mura féidir leat cinntí áirithe a dhéanamh, fiú le tacaíocht ó dhuine eile (chun iarratas a dhéanamh ar Thacaíocht Stáit Choimhdeach, nó an Iasacht Tí Altranais mar is fearr aithne uirthi, cuir i gcás), féadfaidh an Chúirt ionadaí cinnteoireachta a cheapadh duit.

Tá eolas maidir leis an ionadaí cinnteoireachta le fáil ar www.decisionsupportservice.ie/services/decision-supporters#section_3

Tá eolas maidir le cén chaoi iarratas a dhéanamh le hionadaí cinnteoireachta a cheapadh le fáil ar www.courts.ie/assisted-decision-making-circuit-court

Gníomhas agus léasanna

Seans go mbeidh an gníomhas agatsa, mar an t-iarratasóir, nó ag do chéile / do pháirtí óir go gcoinníonn a lán daoine ina dteach iad, é sin nó iarrann ar a mbanc, a gcumann foirgníochta nó a n-aturnae teaghlaigh iad a choinneáil go sábháilte.

Má théann sé deacair ort na gníomhais nó na léasanna a aimsiú, déan teagmháil le Clárlann na nGníomhas ar 051 303000 nó seol ríomhphost chuig registryofdeeds@prai.ie le cabhair a fháil. Déan cinnte de go bhfaighidh tú na doiciméid go léir a bhaineann leis na gníomhais, dintiúir, léasanna, orduithe aistrithe agus tíolacais ina measc.

Más rud é go bhfuil na gníomhais ar iarraidh, is féidir leat cóipeanna de Mheabhrachán Gníomhas agus na doiciméid ghaolmhara a fháil ó oifig Chlárlann na nGníomhas.

Muirear

Má tá morgáiste, iasacht nó breithiúnas cláraithe ar an tsócmhainn réadmhaoine, tabhair dúinn ceann amháin díobh seo a leanas:

- ráiteas cothrom le dáta ón mbanc nó ón gcumann foirgníochta
- litir ón mbanc nó ón gcumann foirgníochta ina ndeimhnítear gur aisíocadh go hiomlán an morgáiste
- litir ó d'iasachtóir ina dtoilíonn sé go gcláródh FSS muirear ar do réadmhaoin

Deimhniú báis

Is féidir leat cóip de dheimhniú báis a fháil ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- cuairt a thabhairt ar aon oifig de chuid na Seirbhíse Cláraithe Shibhialta (oifigí breitheanna, básanna agus póstaí)
- iarratas a dhéanamh ar líne ag hse.ie
- glao a chur ar Oifig an Chláraitheora Náisiúnta ar 090 6632999

Comhaontuithe idirscartha nó colscartha

Má tá tú scartha go dlíthiúil nó colscartha, beidh fianaise dhoiciméadach air sin ag teastáil uainn, m.sh. comhaontú scartha nó foraithne colscartha.

Srian 3 bliana ar fheirmeacha agus gnólachtaí iomchuí –
Cuid 6 den Fhoirm Iarratais

Mar chuid den mheasúnú airgeadais faoin Margadh Cothrom, tabharfaidh tú 7.5% de luach sócmhainní áirithe gach bliain faoi chomhair chostas do chúraim go ceann 3 bliana ar a mhéad.

Ní mór duit iarratas a dhéanamh más mian leat go gcuirfí d'fheirm nó do ghnólacht iomchuí san áireamh chun críche an tsriain 3 bliana. Le go n-éireoidh le d'iarratas, ní mór duit roinnt coinníollacha a chomhlíonadh le leas a bhaint as an srian 3 bliana.

Áirítear leis sin an fhaisnéis chéanna a liostaíodh cheana i gCuid 5. Má tá do phríomháit chónaithe phríobháideach á coinneáil san fhóilió nó sa

ghníomhas céanna le do thalamh nó le do ghnólacht, ní gá duit ach an chuid a bhaineann leis an talamh nó leis an ngnóthas a sheoladh isteach.

Sceideal na Sócmhainní

Má cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil tráth ar bith i leith duine éagtha nó a p(h)airtí, ní mór sceideal sócmhainní a chur faoi bhráid FSS. Ní mór d'ionadaí pearsanta an duine éagtha, a luaithe a bheidh sé praiticiúil, ach tráth nach lú ná 3 mhí roimh dháileadh aon sócmhainní de chuid an duine éagtha, fógra i scríbhinn a thabhairt do FSS go bhfuil sé i gceist aige nó aici na sócmhainní a dháileadh, chomh maith le sceideal shócmhainní an duine éagtha.

Má iarrann FSS amhlaidh, ní mór d'ionadaí pearsanta a chinntiú go gcoinneofar go leor sócmhainní de chuid an eastáit i seilbh le haon mhéid a aisíoc a d'fhéadfadh a bheith dlite agus iníoctha i leith an duine éagtha. An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009

Seicliosta

Doiciméid tacaíochta atá de dhíth

Ní mór duit cruthúnas ar d'ioncam agus do shócmhainní a sheoladh chugainn ionas go mbeimid in ann do ranníocaíocht sheachtainiúil faoi chomhair chostas an chúraim tí altranais a ríomh.

Tá asbhaintí ann freisin is féidir leat a dhealú ó d'ioncam iomlán sa mheasúnú airgeadais.

Bain úsáid as an seicliosta seo mar bhealach lena chinntiú go bhfuil na doiciméid go léir a bheidh ag teastáil le haghaidh d'iarratais á gcur isteach agat.

Tá tuilleadh eolais faoi na doiciméid sin san áireamh sna codanna ábhartha den fhoirm iarratais.

Ioncam – Cuid 3A den Fhoirm Iarratais

- ☐ Ráitis bhainc le 6 mhí anuas
- ☐ Pinsean – ráiteas bainc, admháil ó An Post nó litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina luaitear an méid a íoctar
- ☐ Pinsean neamhÉireannach – ráiteas bainc, an duillín pá is déanaí nó litir ón ngníomhaireacht slándála sóisialta ina luaitear an méid a íoctar
- ☐ Pinsean ceirde – an duillín pá is déanaí nó deimhniú tuillimh
- ☐ Fostaíocht – duillín pá a eisíodh le déanaí, Fógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim
- ☐ Ioncam cíosa – cóip den chomhaontú cíosa
- ☐ Ioncam ó stiúrthóireacht – ráiteas ón gcuideachta nó ó na cuideachtaí
- ☐ Ioncam ó tháillí, ó choimisiúin, ó dhíbhinní nó ó ús – ráiteas nó deimhniú úis nó díbhinní
- ☐ Ioncam ó shocraíocht, cúnant, eastát nó íocaíocht chothabhála
- ☐ Ioncam ó ríchíosanna agus blianachtaí
- ☐ Ioncam aistrithe – doiciméad dlíthiúil ar nós mionnscríbhinn shínithe
- ☐ Ioncam ó fheirm nó ó ghnó – cóip do do chuntais
- ☐ Ioncam eile

Sócmhainní airgid – Cuid 3B den Fhoirm Iarratais

- ☐ Coigilteas agus taiscí – ráiteas le haghaidh gach cuntais le 6 mhí anuas
- ☐ Stoic, scaireanna (lena n-áirítear scaireanna in uachtarlann nó comharchumann), bannaí, duaisbhannaí, urrúis agus ionstraimí airgeadais eile – ráitis
- ☐ Leas tairbhiúil - tuilleadh eolais ar leathanach 24
- ☐ Sócmhainní airgid aistrithe – ráitis
- ☐ Sócmhainní airgid eile – m.sh. an ráiteas sochar bliantúil deireanach

Doiciméid le tacú le hasbhaintí ó do shócmhainní airgid

- ☐ Iasachtaí – ráiteas airgeadais cothrom le dáta agus comhaontú iasachta
- ☐ Íocaíochtaí sásaimh cáilitheacha – ráiteas ón gcomhlacht iomchuí Stáit

Sócmhainní neamhairgid iomchuí – Cuid 3C den Fhoirm Iarratais

- ☐ Príomháit chónaithe – doiciméad dlíthiúil
- ☐ Aonaid réadmhaoine nó talamh eile – luacháil reatha ó cheantálaí nó luachálaí cláraithe
- ☐ Feirmeacha agus gnólachtaí – luacháil reatha agus sonraí cuntais
- ☐ Sócmhainní neamhairgid aistrithe – cruthúnas ar a n-aistriú

Asbhaintí – Cuid 3D den Fhoirm Iarratais

- ☐ Costais sláinte – taifid ar chostais
- ☐ Táillí oidis – cóipeanna de tháillí oidis nó admhálacha
- ☐ Ús ar aisíocaíochtaí morgáiste – ráiteas reatha morgáiste
- ☐ Íocaíochtaí cíosa – admhálacha cíosa
- ☐ Íocaíochtaí cothabhála – comhaontú reatha cothabhála agus cruthúnas íocaíochta
- ☐ Cáin mhaoine – cruthúnas íocaíochta
- ☐ Leanaí cleithiúnacha – sonraí faoi chostais, amhail cothabháil agus oideachas

Doiciméid le tacú le hasbhaintí ó do shócmhainní neamhairgid

- ☐ Iasachtaí – ráitis

Iasacht tí altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit) – Cuid 5 den Fhoirm Iarratais

- ☐ Cruthúnas gur leat an réadmhaoin

Cabhróidh an t-eolas seo a leanas leat teacht ar na doiciméid a bheidh ag teastáil uainn le d'iarratas ar iasacht tí altranais a phróiseáil:

- ☐ Gníomhas agus léasanna
- ☐ Muirir ar an réadmhaoin
- ☐ Deimhniú báis
- ☐ Fianaise dhoiciméadach ar idirscaradh nó ar cholscaradh

Srian 3 bliana ar fheirmeacha agus gnólachtaí iomchuí – Cuid 6 den Fhoirm Iarratais

- ☐ Gach doiciméad atá liostaithe i gCuid 5 den seicliosta seo.
- ☐ Má tá do phríomháit chónaithe phríobháideach á coinneáil san fhóilió/sa ghníomhas céanna le do thalamh/do ghnólacht – léarscáil bhunaidh ag teastáil a léiríonn an chuid a bhaineann leis an talamh/leis an ngnólacht amháin

Tar éis duit d'fhoirm iarratais a sheoladh isteach

Céard a dhéanfaidh mé mura bhfuil mé incháilithe le haghaidh cúram fadtéarmach i dteach altranais?

Mura bhfuil tú incháilithe le haghaidh cúram fadtéarmach i dteach altranais, ní mór duit fanacht 6 mhí sular ceadmhach duit iarratas a dhéanamh arís. Má thagann athrú ar do shláinte nó ar do chúinsí, is ceadmhach duit iarratas a dhéanamh roimh dheireadh na tréimhse feithimh 6 mhí.

Céard a dhéanfaidh mé má thagann athrú ar mo chúinsí agus mé faoi chúram?

Ní mór duit muid a chur ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí do pháirtí / do chéile. I measc na n-athruithe a d'fhéadfadh a theacht ar chúinsí tá:

- bás do pháirtí / do chéile
- méadú ar d'ioncan féin nó ar ioncam do chéile / do pháirtí
- méadú ar dhíbhinní ó scaireanna
- aon ioncam breise cíosa nó d'áit chónaithe nó réadmhaoin a ligean ar cíos
- sócmhainn a dhíol
- socrú dlí / cúiteamh a fháil
- méadú ar shócmhainní airgid
- breisiú ar shócmhainní iomchuí, amhail oidhreacht nó tairbhí in uacht
- scaradh dlíthiúil

Mura gcuireann tú an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais ar an eolas faoi athruithe ar chúinsí laistigh de 10 lá oibre, d'fhéadfadh sé go mbeadh feidhm aige sin ar an maoiniú a gheobhaidh tú. Seans go ngearrfar fíneáil ort freisin má theipeann ort athruithe a chur in iúl don Oifig Tacaíochta Tithe Altranais.

An féidir liom achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí ar m'iarratas ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais?

Is féidir cinntí áirithe arna ndéanamh ag FSS a achomharc laistigh de 40 lá oibre ón lá ar tugadh an cinneadh bunaidh duit.

I measc na gcinntí ar féidir achomharc a dhéanamh ina leith tá:

- toradh do mheasúnaithe ar riachtanais chúraim
- cinneadh FSS gan iarratas ar Thacaíocht Stáit a bhreithniú
- cinneadh FSS gan measúnú airgeadais a dhéanamh
- toradh iarratais ar Thacaíocht Stáit
- toradh iarratais ar an iasacht tí altranais
- toradh athbhreithnithe

Is iad daoine oiriúnacha arna gceapadh ag FSS le toiliú an Aire a dhéanfaidh achomhairc a bhreithniú. Féadfar toradh achomhairc a achomharc tuilleadh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí. Féadfaidh tú do chás a thabhairt chuig Oifig an Ombudsman freisin.

Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil má bhíonn cabhair ag teastáil uaim?

Má tá an t-eolas sa leabhrán seo léite agat ach tá cúnamh fós ag teastáil uait, téigh chuig hse.ie/nhss nó déan teagmháil leis an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais de chuid FSS i do cheantar. Tá liosta na n-oifigí go léir le fáil ar leathanach 38.

Comhlánaigh d'fhoirm iarratais agus seol í chuig ceann de na hOifigí Tacaíochta Tithe Altranais atá sa liosta ar leathanach 38.

→

Gheobhaidh an oifig d'iarratas.

→

Déanfaidh ár bhfoireann cinnte de go ndéanfar d'fhoirm a phróiseáil. Tuigimid gur am deacair é seo agus déanfaimid d'iarratas a mheas chomh gasta agus is féidir linn.

→

Tógann sé cuid mhaith ama foirmeacha a phróiseáil i gcásanna áirithe ag brath ar na cúinsí ar leith, ach déileálfar leat le teann trócaire agus tacaíochta.

Cuid 1 – Sonraí an iarratasóra

Nótaí le cabhrú leat Cuid 1 a chomhlánú

Daoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu cinntí a dhéanamh maidir leis an bhfoirm iarratais seo

Mura bhfuil tú in ann iarratas a dhéanamh ar thacaíocht tí altranais as do stuaim féin, féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh thar do cheann:

- do chéile nó páirtí
- do leanbh, má tá sé nó sí os cionn 18 mbliana d'aois
- liachleachtóir cláraithe
- altra cláraithe
- oibrí sóisialta cláraithe
- Coiste Coimircí Cúirte
- duine / daoine atá ceaptha faoi Chumhacht Mharthanach Chláraithe Aturnae
- Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh trí Ordú Cúirte

Bain úsáid as BLOCLITREACHA agus cuir tic i ngach bosca cuí

(Is é an t-iarratasóir an duine a bhféadfadh cúram a bheith ag teastáil uaidh/uaithi)

Céadainm:

Sloinne:

Ainmneacha eile:

Dáta Breithe: L L M M B B B B

Fón lae:

Inscne: Fireann: ☐ Baineann ☐ Eile: ☐

Uimhir PSP (éigeantach):

Seoladh ríomhphoist:

Sloinne breithe: (Murab ionann é agus an sloinne thuas)

Má tá sé / sí in ospidéal / teach altranais, sonraigh an dáta iontrála:

An bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn? (le bliain anuas ar a laghad) Tá ☐ Níl ☐

Seoladh Baile: (Luaigh an t-éirchód)

Éirchód:

Seoladh reatha murab ionann é agus an seoladh baile: (cónaí le gaol, nó san ospidéal / teach altranais) (Luaigh an t-éirchód)

Éirchód:

Stádas Caidrimh - Ná roghnaigh ach ceann amháin díobh seo a leanas:

Lánúin ☐ Tá sibh pósta agus in bhur gcónaí le chéile / in aontíos

Má tá sibh in aontíos, sonraigh líon na mblianta atá tú in aontíos le do pháirtí ☐

Singil ☐ Gan bheith pósta / Gan bheith i do chónaí mar dhuine de lánúin / Teach á roinnt le duine fásta eile, m.sh. deartháir, deirfiúr nó cara

Baintreach mná/fir ☐ Más ea, cuir cóip de Dheimhniú Báis do chéile faoi iamh má tá sé i gceist agat iarratas a dhéanamh ar an iasacht tí altranais faoi Chuid 5A

Scartha/ Colscartha ☐ Bhí tú pósta ach tá tú scartha nó colscartha anois agus i do chónaí ar leithligh ó d'iar-chéile

An ndearna tú féin nó do pháirtí (a mhaireann nó nach maireann) iarratas roimhe seo ar Thacaíocht Stáit? Tá ☐ Níl ☐

Má rinne, cathain (más eol)

An bhfuil Cárta Leighis, Cárta Cuairte Doctúra, Cárta Heipitíteas C faoin Acht Sláinte (Leasú), Cárta Breoiteachta Fadtéarmaí nó Cárta Scéime Íocaíochta Drugaí agat faoi láthair? Tá ☐ Níl ☐

Má tá, tabhair an Uimhir (más eol)

Tuigimid go bhféadfadh sé gur mhaith leat cabhair nó tacaíocht a fháil ó chara nó ó ghaol leat leis an iarratas seo a dhéanamh agus na doiciméid is gá a bhailiú le chéile. Dá mba mhaith, tabhair sonraí teagmhála an duine sin anseo:

Ainm:			
Seoladh:			
		Éirchód:	
Gaol leis an Iarratasóir:		Uimh. Fóin:	
Uimh. Fóin Póca:		Seoladh ríomhphoist:	

Cuid 1

Tabhair do d'aire, má dhéanann tú cara nó gaol leat a ainmniú, go bhfuil tú ag toiliú go bhfaighidh an duine sin cóipeanna de na doiciméid a bhainfidh le do riachtanais chúraim agus do mheasúnuithe airgeadais.

Tabhair sonraí d'ionadaí dlí / aturnae (má tá ceann agat), más eol

Uimh. Fóin:

Ainm Iomlán an Chéile / Pháirtí:

UPSP: (éigeantach)

Dáta Breithe: (éigeantach)

Más duine de lánúin thú, an bhfuil do chéile / pháirtí i gcúram fadtéarmach? Tá Níl

Má tá, tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

Ainm an Tí Cónaithe/Altranais:

Ranníocaíocht Sheachtainiúil as Cúram: €

Cineál Cúraim:

- ☐ An Scéim Tacaíochta Tithe Altranais
- ☐ Teach altranais poiblí
- ☐ Teach altranais príobháideach
- ☐ Eile

Sonraigh:

Cuid 2 – Iarratas ar mheasúnú ar riachtanais chúraim

Nótaí le cabhrú leat Cuid 2 a chomhlánú

Céard is measúnú ar riachtanais chúraim ann?

Cabhraíonn an measúnú ar riachtanais chúraim linn a dhéanamh amach an bhfuil cúram fadtéarmach i dteach altranais de dhíth ort. Nuair a gheobhaimid d'fhoirm iarratais chomhlánaithe, déanfaimid socrú le measúnú ar riachtanais chúraim a dhéanamh. Déanfar an measúnú in ospidéal nó sa bhaile.

Déanfaidh gairmí cúraim sláinte do mheasúnú, m.sh. dochtúir, altra sláinte poiblí nó teiripeoir saothair.

Breathnóidh sé nó sí ar:

- do chumas le gníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh, amhail tú féin a fholcadh, dul ag siopadóireacht, tú féin a ghléasadh agus bogadh thart
- an úsáid a bhaineann tú as seirbhísí sláinte agus cúraim phearsanta, amhail cúntóir nó altra cúraim baile
- an tacaíocht teaghlaigh agus phobail atá ar fáil duit
- do mhianta agus do roghanna féin

D'fhéadfadh scrúdú fisiciúil arna dhéanamh ag gairmí cúraim sláinte a bheith san áireamh sa mheasúnú.

Scríobhfaidh an duine atá ag déanamh an mheasúnaithe tuairisc. Bainfimid úsáid as an tuairisc sin lena chinneadh cibé acu is é an cúram fadtéarmach i dteach altranais an rogha is fearr duit nó nach ea. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí tuilleadh faisnéise ort leis an measúnú ar riachtanais chúraim a chomhlánú, amhail atreorú ó do dhochtúir teaghlaigh. Tá sé tábhachtach go gcuirfeá é sin ar fáil chomh luath agus is féidir le d'iarratas a chur i gcrích.

Scríobhfaimid chugat a luaithe a dhéanfar cinneadh maidir le do riachtanais chúraim. Gheobhaidh tú cóip den thuairisc freisin, chomh maith leis na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh.

Céard is duine sonraithe ann?

Mura bhfuil sé d'acmhainn agat cinntí áirithe a dhéanamh, féadfaidh duine sonraithe gníomhú thar do cheann maidir leis na nithe seo a leanas faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009:

(a) iarratas ar mheasúnú ar riachtanais chúraim

(b) iarratas breise ar mheasúnú ar riachtanais chúraim

(c) iarratas ar Thacaíocht Stáit

(d) athrú ábhartha ar chúinsí an duine a fuair an tacaíocht airgeadais a chur in iúl do FSS

(e) iarraidh ar athbhreithniú faoi alt 30 den Acht

(f) achomharc faoi alt 32 den Acht i gcoinne cinneadh arna dhéanamh ag FSS

(g) aon fhaisnéis a chur ar fáil a fhéadfaidh FSS a iarraidh, agus cumarsáid a dhéanamh le FSS, i ndáil le haon cheann de na hábhair a dtagraítear dóibh i bpointe (a) go pointe (f) thuas

De réir na Scéime Tacaíochta Tithe Altranais, is féidir leis na daoine seo a leanas a bheith ina nduine sonraithe:

- do chéile nó páirtí
- do leanbh, má tá sé nó sí os cionn 18 mbliana d'aois
- liachleachtóir cláraithe
- altra cláraithe
- oibrí sóisialta cláraithe

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh FSS diúltú déileáil le duine sonraithe mura bhfuil sé sásta go bhfuil an duine sonraithe ag gníomhú chun leas an iarratasóra.

Cuid 2A – Le comhlánú ag an duine a bhféadfadh seirbhísí cúraim a bheith ag teastáil uaidh/uaithi

Déanaimse (cuir isteach ainm iomlán)

iarratas leis seo ar mheasúnú ar riachtanais chúraim faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais.

Sínithe:

Dátaithe: L L M M B B B B

Cuid 2B – Le comhlánú i gcás nach féidir le duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh/uaithi iarratas a dhéanamh ar mheasúnú ar riachtanais chúraim thar a c(h)eann féin

Déanaimse (cuir isteach ainm iomlán)

iarratas leis seo ar mheasúnú ar riachtanais chúraim faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais thar ceann an iarratasóra, duine is cosúil a bhfuil seirbhísí cúraim ag teastáil uaidh / uaithi agus nach féidir leis / léi iarratas a dhéanamh thar a c(h)eann féin de dheasca easláinte, míchumas coirp nó riocht meabhrach. Tuigim na prionsabail, na cumhachtaí, na hoibleagáidí agus na dualgais a leagtar orm leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 agus gabhaim orm féin gníomhú dá réir.

Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam mar (cuir tic sa bhosca cuí):

- ☐ céile nó páirtí
- ☐ leanbh leis an iarratasóir, má tá sé nó sí os cionn 18 mbliana d'aois
- ☐ liachleachtóir cláraithe
- ☐ altra cláraithe
- ☐ oibrí sóisialta cláraithe
- ☐ Coiste Coimircí Cúirte*
- ☐ duine / daoine atá ceaptha faoi Chumhacht Mharthanach Chláraithe Aturnae
- ☐ Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh trí Ordú Cúirte*

Sínithe:

Dátaithe: L L M M B B B B

Seoladh:

Éirchód:

Fón:

Ríomhphost:

(*Cuir fianaise dhoiciméadach faoi iamh)

Cuid 2

Cuid 3 – Sonraí ioncaim, sócmhainní agus asbhaintí

Nótaí le cabhrú leat Cuid 3 a chomhlánú

Measúnú airgeadais: D'íocaíocht faoi chomhair cúraim

Braithfaidh an méid a íocfaidh tú faoi chomhair do tháillí tí altranais ar:

- d'ioncam – an t-airgead a fhaigheann tú ar bhonn rialta
- do chuid sócmhainní – do choigilteas, d'infheistíochtaí agus do chuid réadmhaoine

Dá laghad ioncam agus sócmhainní atá agat is ea is lú a íocfaidh tú. Dá mhéad atá agat is ea is mó a íocfaidh tú.

Ní mór duit cruthúnas ar d'ioncam agus do shócmhainní a sheoladh chugainn ionas go mbeimid in ann do ranníocaíocht sheachtainiúil faoi chomhair chostas an chúraim tí altranais a ríomh.

Mar shampla:

- ráitis bhainc
- ráitis phinsin
- cruthúnas ar íocaíochtaí leasa shóisialta
- gníomhas réadmhaoine, lena n-áirítear cóip iomlán den léas, más infheidhme

Tá asbhaintí ann freisin is féidir leat a dhealú ó d'ioncam iomlán sa mheasúnú airgeadais.

Is cuma cá mhéad a ghearrann do theach altranais. Fanfaidh do ranníocaíocht mar an gcéanna agus íocfaimidne an chuid eile.

Cuid 3A – Sonraí ioncaim

Más duine de lánúin thú, tabhair sonraí do do chéile / pháirtí. Cuir fianaise dhoiciméadach ar an ioncam go léir faoi iamh, m.sh. duillín pá pinsin. Ba chóir do ghlanioncam seachtainiúil a lua, i.e. d'ioncam seachtainiúil tar éis cáin, ÁSPC, nó nithe eile a asbhaint.

Ioncam	**Méid sa tseachtain** larratasóir	Céile / páirtí
Pinsean/liúntas/sochar ón Roinn Coimirce Sóisialaí	€	€
Aon phinsean neamh-Éireannach eile	€	€
Pinsean ceirde. *Cuir cóip de do dhuillín pinsin faoi iamh*	€	€
Fostaíocht, trádáil, nó gairm bheatha (lena n-áirítear obair pháirtaimseartha) *Cuir cóip de dhuillín pá, P60 nó P21 faoi iamh*	€	€
Ioncam cíosa (i bPoblacht na hÉireann nó eile)	€	€
Ioncam ó bheith i seilbh oifige nó stiúrthóireachta	€	€
Ioncam ó tháillí, coimisiúin, díbhinní, ús, nó ioncam de chineál comhchosúil	€	€
Ioncam cíosa ó Phríomháit Chónaithe Phríobháideach	€	€
Ioncam cíosa ó Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha	€	€
Íocaíochtaí faoi shocraíocht, cúnant, eastát nó íocaíocht i leith cothabhála	€	€
Ioncam ó ríchíosanna agus blianachtaí	€	€
Ioncam a aistríodh uait chuig duine eile le 5 bliana anuas	€	€
Ioncam Feirmeoireachta/Gnó. *Má thagann ioncam ó Fheirm nó ó Ghnó, cuir faoi iamh measúnú cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim, na cuntais ina leith sin don bhliain chánach roimhe agus sonraí faoi aon íocaíochtaí ón Roinn Talmhaíochta*	€	€

Cuid 3

Má tá sócmhainní agat amhail réadmhaoin nó talamh, úsáidfear 7.5% dá luach faoi chomhair chostas do chúraim gach bliain. Más duine de lánúin thú, úsáidfear 3.5% dá luach faoi chomhair chostas do chúraim gach bliain.

Ioncam, sócmhainní agus asbhaintí

Beidh ort insint dúinn faoi ioncam rialta agus aon réadmhaoin atá agat. Mura mbeidh an fhaisnéis sin ar fad againn, beidh moill ar d'iarratas.

Ioncam

Breathnóimid ar d'ioncam féin agus ar ioncam do pháirtí / do chéile. Áireofar leis sin:

- tuilleamh
- pinsean
- sochair agus liúntais leasa shóisialta
- ioncam cíosa
- ioncam ó bheith i seilbh oifige nó stiúrthóireachta
- ioncam ó tháillí, ó choimisiúin, ó dhíbhinní nó ó ús
- ioncam a bhain tú díot féin sna 5 bliana roimh d'iarratas

Íocfaidh tú 80% de chostas an chúraim (nó 40% más duine de lánúin thú) bunaithe ar d'ioncam inmheasúnaithe. Is éard is ioncam inmheasúnaithe ann ná d'ioncam iomlán lúide asbhaintí incheadaithe. Féach leathanach 24 le tuilleadh eolais a fháil faoin méid a bheidh le híoc agat.

Ní chuirfear ioncam do ghaolta ná do leanaí san áireamh sa mheasúnú. Is iad d'ioncam féin agus ioncam do pháirtí / do chéile a chuirfear san áireamh.

Ioncam cíosa

Duine ar bith atá faoi chúram tí altranais tríd an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais agus atá ag ligean a p(h)ríomháite cónaithe príobháidí ar cíos, is féidir leis nó léi an fhoirm iarratais maidir le hIoncam Cíosa ó Phríomháit Chónaithe

Luaigh aon ioncam eile:

	€	€
	€	€
	€	€

Cuir ar fáil:	Iarratasóir	Céile / páirtí
Uimhir PSP (éigeantach)		
Uimhir an Leabhair Pinsin ón Roinn Coimirce Sóisialaí, nó		
Uimhir Éilimh ón Roinn Coimirce Sóisialaí		
Uimhir thagartha ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe		

Cuid 3B – Sonraí faoi shócmhainní airgid

Tabhair sonraí faoi na sócmhainní airgid go léir, agus an t-iarmhéid iomlán duitse agus do do chéile nó do pháirtí. Tabhair fianaise dhoiciméadach ar na sócmhainní airgid, m.sh. ráitis bhainc a eisíodh le déanaí.

Coigilteas, Taiscí agus Cuntais Reatha
(tabhair an t-iarmhéid iomlán)

	Iarratasóir	Céile / páirtí
Banc	€	€
Comhair Chreidmheasa	€	€
Oifig an Phoist	€	€
Eile (sonraigh)	€	€

Cistí Scoir Formheasta (ARFanna), Cistí Scoir Íosta Formheasta (AMRFanna), scaireanna, bannaí, urrúis, polasaithe árachais saoil, srl.

	€	€
	€	€
	€	€
	€	€
Airgead a tugadh ar iasacht do dhuine eile atá inaisíoctha	€	€

Phríobháideach a chomhlánú. Ní mór don phríomháit chónaithe sin a bheith cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB).

D'fhéadfadh ioncam cíosa ó phríomháit chónaithe nach bhfuil cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe a bheith incháilithe fós; téigh chuig rtb.ie le tuilleadh eolais a fháil.

Déanann an tAcht um Rialáil Soláthraithe Oibreacha Tógála agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 leasú ar an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 trí fhoráil a dhéanamh d'ioncam áirithe cíosa ar Phríomháit Chónaithe Phríobháideach duine atá ag fáil seirbhísí cúraim nó dá c(h)éile nó dá pháirtí. Forálann sé go measúnófar Príomháit Chónaithe Phríobháideach an duine sin ag ráta níos ísle ná ioncaim eile an duine agus gur féidir an ráta a laghdú.

Scan an cód QR le dul chuig an bhfoirm iarratais maidir le hIoncam Cíosa ó Phríomháit Chónaithe Phríobháideach

Cuid 3

Iomlán na sócmhainní airgid a aistríodh chuig duine eile sna 5 bliana roimh do chéad iarratas ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (airgead tirim, coigilteas, taiscí, scaireanna, bannaí, urrúis, árachas saoil, polasaí árachais saoil, srl.)

	€	€

Má tugadh ar ais cuid de na sócmhainní a aistríodh amhlaidh, sonraigh an méid iomlán a tugadh ar ais

	€	€
	€	€

Sócmhainní airgid eile

	€	€

Cuid 3C – Sonraí faoi shócmhainní neamhairgid

Is éard atá i gceist le sócmhainní neamhairgid ná gach cineál maoine, talún nó nithe luachmhara ar leatsa agus le do chéile nó do pháirtí iad, cibé acu laistigh de Phoblacht na hÉireann nó lasmuigh di. Cuir faoi iamh fianaise dhoiciméadach ar shócmhainní, luachanna agus aon mhéideanna amuigh ar iasachtaí.

Príomháit Chónaithe
Seoladh Baile

Éirchód:

Luaigh más tusa an t-úinéir / comhúinéir/ tionónta / lóistéir / ceannaitheoir tionónta údaráis áitiúil / eile *(sonraigh)*

Má tá d'áit chónaithe faoi d'úinéireacht nó faoi d'úinéireacht pháirteach, tabhair luach margaidh reatha d'áite cónaithe. *(Cuir ar fáil Deimhniú Luacha Margaidh ó cheantálaí nó luachálaí)* €

	An aisíocaíocht mhíosúil ar an iasacht	An méid amuigh ar an iasacht
Luaigh aisíocaíochtaí iasachta (méid in aghaidh na míosa) agus an méid atá amuigh ar na hiasachtaí sin *(Cuir faoi iamh an ráiteas iasachta is déanaí atá ar fáil)*	€	€
Sonraigh an cineál iasachta a mbaineann an t-iarmhéid gan íoc leis m.sh. morgáiste, iasacht saoil, comhar creidmheasa, eile		

Sócmhainní neamhairgid eile (maoin, talamh, feirm, gnó, srl.) *Tabhair sonraí (lena n-áirítear an seoladh, más cuí)*	Luach in € i leith an iarratasóra agus a c(h)éile / p(h)áirtí	An méid amuigh ar an iasacht
	€	€
	€	€
	€	€

Cuir ar fáil Deimhniú Luacha Margaidh ó cheantálaí nó luachálaí. Tabhair sonraí faoi aon mhorgáiste atá ann

Sócmhainní

Áirítear le sócmhainní, i measc rudaí eile, airgead tirim, réadmhaoin, infheistíochtaí, agus airgead atá amuigh agat ar dhaoine eile atá in-aisíoctha. Tá sócmhainní lasmuigh d'Éirinn i gceist chomh maith. Íocfaidh tú luach 7.5% (3.75% más duine de lánúin thú) de do chuid sócmhainní chomh maith, amhail talamh nó réadmhaoin. Féach leathanach 24 le tuilleadh eolais a fháil.

Cuirtear dhá chineál sócmhainne sa mheá:

- sócmhainní airgid
- sócmhainní neamhairgid

Áirítear le sócmhainní airgid:

- coigilteas agus taiscí, lena n-áirítear iad siúd atá á gcoinneáil i mbainc, i gcomhair chreidmheasa nó in oifigí poist, cibé acu i gcuntas aonair nó i gcomhchuntas de réir mar is infheidhme
- stoic, scaireanna, bannaí, urrúis agus ionstraimí airgeadais eile
- cistí scoir formheasta (luach an chiste ar dháta déanta an iarratais)
- airgead a thug tú ar iasacht do dhuine eile
- sócmhainní airgid a aistríodh chuig duine eile le 5 bliana anuas

Srian 3 bliana: Sócmhainní feirme agus gnó:
Más mian leat cur isteach ar an srian 3 bliana ar shócmhainn feirme nó ghnó, féach Cuid 6 le faisnéis a fháil

Sócmhainní aistrithe
Tabhair sonraí faoi aon sócmhainní neamhairgid (réadmhaoin/talamh) a díoladh le duine eile nó a aistríodh chuig duine eile laistigh de na 5 bliana roimh do chéad iarratas ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais

Sonraí faoin tsócmhainn	Dáta a haistrithe	Luach in € tráth a díolta nó a haistrithe	Méid in € a fuarthas ón díolachán / aistriú	Má aistríodh í, cé chuige ar aistríodh í?

Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an méid a fuarthas nó ar luach margaidh na sócmhainne tráth a díolta / a haistrithe

Cuid 3D – Asbhaintí incheadaithe

Is ceadmhach roinnt costas a asbhaint ó d'ioncam le haghaidh an mheasúnaithe seo. Tabhair sonraí faoi asbhaintí incheadaithe.

	Méid sa bhliain	
	Iarratasóir	Céile / páirtí
Costais sláinte (m.sh. táillí dochtúra, costais chógaslainne, táillí oidis)	€	€
Ús ar iasachtaí a bhaineann le do phríomháit chónaithe	€	€
Íocaíochtaí cíosa (Má tá cónaí ort i gcóiríocht ar cíos)	€	€
Íocaíochtaí cothabhála le duine eile	€	€
Tobhaigh a gceanglaítear le dlí iad a íoc, m.sh. cáin mhaoine	€	€

Áirítear le sócmhainní neamhairgid:

- d'áit chónaithe, má tá sí faoi d'úinéireacht nó faoi do pháirtúinéireacht (ní chuirfear san áireamh í ach go ceann 3 bliana)
- aon réadmhaoin ar leatsa í
- aon talamh ar leatsa í
- gnólachtaí
- talamh agus réadmhaoin thar lear

Sócmhainní aistrithe

Cuirtear san áireamh sa mheasúnú airgeadais aon sócmhainní a d'aistrigh tú:

- sna 5 bliana roimh dháta déanta do chéad iarratais
- ar dháta déanta do chéad iarratais nó ina dhiaidh sin

Má thug tú aon talamh, réadmhaoin nó airgead do dhuine eile le 5 bliana anuas, beidh ort é sin a chur in iúl dúinn. Beidh ort a chur in iúl dúinn freisin má aistríonn tú aon réadmhaoin, airgead nó talamh tar éis duit iarratas a dhéanamh, agus dáta an aistrithe a lua freisin.

Leas tairbhiúil

Ní mór duit sonraí, luacháil san áireamh, a chur ar fáil maidir leis na sócmhainní go léir a bhfuil leas tairbhiúil agat iontu. B'fhéidir go mbainfeá tairbhe as réadmhaoin nó as sócmhainn eile fiú murar thusa an "úinéir cláraithe".

Mar shampla, d'fhéadfá leas saoil a bheith agat i sócmhainn nó d'fhéadfadh sé gur duine thú a bhaineann tairbhe as réadmhaoin nó atá i dteideal a leithéid de thairbhe (asat féin seachas thar ceann duine eile). Sa chás sin, tá leas tairbhiúil agat sa réadmhaoin. Ní mór sonraí faoi gach leas thairbhiúil a chur san áireamh san iarratas. Is ionann leas tairbhiúil agus sócmhainn agus déanfar measúnú air mar chuid den mheasúnú airgeadais.

Tabhair do d'aire, má thugann duine faisnéis bhréagach nó mhíthreorach go feasach i ndáil le hiarratas ar Thacaíocht Stáit, go mbeidh sé nó sí ciontach i gcion agus go ndlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí nó iad araon a chur air nó uirthi. I gcás go dteipfidh ar dhuine nochtadh a dhéanamh nó go dtabharfaidh sé nó sí míráiteas maidir le méid nó luach ioncaim / sócmhainní, agus i gcás go bhfaighidh sé nó sí méid níos mó Tacaíochta Stáit ná mar a gheobhadh sé nó sí dá mba rud é go ndearna sé nó sí an nochtadh cuí nó nár thug sé nó sí an míráiteas, ní mór don duine an ró-íocaíocht a aisíoc ar éileamh agus féadfaidh FSS é a aisghabháil mar fhiach conartha shimplí ón duine sin nó ó eastát an duine sin.

Tabhair do d'aire go mbeidh sé de dhualgas dlíthiúil ar ionadaí pearsanta duine éagtha, a luaithe a bheidh sé praiticiúil ach, in aon chás, tráth nach lú ná 3 mhí roimh dháileadh aon sócmhainní de chuid eastát an duine, na nithe seo a leanas a thabhairt do FSS: (a) sceideal sócmhainní is infheidhme maidir le heastát an duine éagtha, agus (b) fógra i scríbhinn faoi rún na n-ionadaithe leis na sócmhainní a dháileadh.

Tabhair faoi deara gur gá **sceideal sócmhainní** a chur faoi bhráid FSS tar éis do dhuine a fuair tacaíocht airgeadais faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais bás a fháil. Is éard is sceideal sócmhainní ann ná liosta den réadmhaoin agus de na sócmhainní go léir a bhí faoi úinéireacht an duine tráth a bháis. Faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, tá dualgas dlí ar an ionadaí pearsanta cóip den sceideal sócmhainní sin a chur chuig FSS.

Tabhair do d'aire go n-úsáidfear an sceideal sócmhainní le hathbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí ioncaim agus sócmhainní a dearbhaíodh sa phróiseas déanta iarratais lena chinntiú gur íocadh an méid ceart Tacaíochta Stáit. Maidir le hionadaí pearsanta nach gcoinneoidh sócmhainní leordhóthanacha de chuid an eastáit le haon mhéid amuigh a bheidh iníoctha le FSS a aisíoc, beidh sé nó sí faoi dhliteanas go pearsanta i leith an mhéid sin.

Asbhaintí

Is ceadmhach asbhaintí incheadaithe a dhealú ó d'ioncam iomlán sa mheasúnú airgeadais le teacht ar fhigiúr a dtugtar ioncam inmheasúnaithe air.

- cáin ioncaim, ÍMAT, an Muirear Sóisialta Uilíoch agus ÁSPC
- costais sláinte (cuairteanna ar dhochtúir teaghlaigh, táillí oidis, cógais agus costais leighis tar éis aisíoc cánach)
- íocaíochtaí cothabhála le daoine eile
- ús ar iasachtaí ar do theach
- tobhaigh a gceanglaítear le dlí iad a íoc, amhail cáin mhaoine
- leanbh cleithiúnach atá ag gabháil d'oideachas lánaimseartha

Ba chóir méideanna bliantúla a lua ar leathanach 22, glan ó Fhaoiseamh Cánach.

Beidh fianaise ar na hasbhaintí seo ag teastáil ó FSS i dtaca le do mheasúnú.

Iasachtaí i leith do phríomháite cónaithe (i gcás go roghnóidh tú leas a bhaint as an asbhaint seo freisin, ní fhéadfaidh tú na hiasachtaí céanna a fhritháireamh in aghaidh luach na sócmhainne)

€	€

Tabhair fianaise dhoiciméadach ar iasachtaí.

An bhfuil tú ag iarraidh asbhaint incheadaithe a éileamh i leith leanbh cleithiúnach / leanaí cleithiúnacha atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó atá ag gabháil d'oideachas lánaimseartha

Tá ☐ Níl ☐

Tabhair doiciméid i gcomhair ainm(neacha), dáta(í) breithe agus stádas oideachais lánaimseartha do chleithiúnaí/chleithiúnaithe a dhearbhú.

Cuid 4 – Iarratas ar Thacaíocht Stáit

Nótaí le cabhrú leat Cuid 4 a chomhlánú

Cá mhéad a bheidh ort a íoc?

Tar éis breathnú ar d'ioncam agus ar do chuid sócmhainní mar chuid den mheasúnú airgeadais, déanfar amach an ranníocaíocht a bheidh le híoc agat faoi chomhair do chúraim. Tabharfaidh tú 80% de d'ioncam inmheasúnaithe (nó 40% más duine de lánúin thú) agus 7.5% de luach aon sócmhainní (nó 3.75% más duine de lánúin thú) in aghaidh na bliana. Mar sin féin, ní chuirfear an chéad €36,000 de do chuid sócmhainní, nó €72,000 i gcás lánúine, san áireamh ar chor ar bith sa mheasúnú airgeadais.

Má tá do thalamh agus do réadmhaoin san áireamh i do shócmhainní, is féidir leat cur isteach ar an iasacht roghnach tí altranais le híoc na ranníocaíochta 7.5% a chur siar.

Má dhíolann tú sócmhainn, ar nós do thí, agus tú faoi chúram, tiocfaidh glanfháltais an díolacháin chun bheith ina sócmhainn airgid agus beidh siad sin incháilithe ansin le haghaidh an tsriain 3 bliana. Beidh ort ranníocaíocht 7.5% a íoc bunaithe ar an tsócmhainn airgid sin. Féach leathanach 31 le tuilleadh eolais a fháil faoin srian 3 bliana.

Féadfaidh tú athbhreithniú airgeadais eile a iarraidh 12 mhí tar éis d'athbhreithnithe dheireanaigh. Mar sin féin, féadfaidh FSS athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú airgeadais am ar bith.

Ní mór duit an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais a chur ar an eolas faoi aon díolachán dá leithéid. Ní mór duit an méid sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an díolacháin. Is éard is cúis leis sin ná gur gá dúinn measúnú nua a dhéanamh leis an méid a íocfaidh tú a dhéanamh amach. Féach na sonraí teagmhála le haghaidh na nOifigí Tacaíochta Tithe Altranais ar leathanach 38.

Léigh an méid seo a leanas agus sínigh Cuid 4A nó Cuid 4B ansin de réir mar is cuí

Mar chuid den iarratas seo, déanfaidh FSS socruithe go ndéanfar measúnú ar riachtanais chúraim agus measúnú airgeadais. Féadfaidh eagraíocht ar bith a bhfuil eolas aici a bhaineann le riachtanais chúraim an iarratasóra an fhaisnéis sin a chur ar fáil do FSS. Féadfar ábhar na tuairisce measúnaithe ar riachtanais chúraim a chur ar fáil do ghairmithe sláinte ábhartha, nó í a roinnt leo, más gá. An fhaisnéis riachtanach go léir a d'fhéadfadh FSS a iarraidh i ndáil le breithniú an iarratais seo, cuirfear ar fáil í. Leis an iarratas seo a phróiseáil, féadfaidh FSS rochtain theoranta a iarraidh ar shonraí leasa shóisialaigh le sonraí an iarratasóra, a c(h)éile / p(h)áirtí agus aon chleithiúnaithe a dheimhniú. Trí shíniú thíos, beidh tú ag toiliú leis an rochtain sin. Coinneoidh FSS faoi rún an fhaisnéis agus na sonraí pearsanta go léir a chuirfear ar fáil dó. Ní nochtfaidh FSS faisnéis ná sonraí pearsanta do dhaoine nó do chomhlachtaí eile ach amháin de réir an dlí. Ní mór don iarratasóir a chur in iúl do FSS, laistigh de 10 lá oibre, má thagann aon athruithe ar a c(h)úinsí féin nó ar chúinsí a c(h)éile / p(h)áirtí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an teidlíocht chun tacaíocht airgeadais.

I gcás go bhfuil cliant ag fáil Tacaíocht Stáit, caithfear sceideal sócmhainní a chur ar fáil do FSS de réir Alt 27 den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009. Ní bheidh feidhm ag an ceanglas seo go dtí nach mbeidh an maoiniú Tacaíochta Stáit ag teastáil a thuilleadh.

Cuid 4A – Le comhlánú ag an duine a bhfuil seirbhísí cúraim ag teastáil uaidh/uaithi

Déanaimse iarratas leis seo ar Thacaíocht Stáit faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais. Tá Cuid4 thuas léite agam agus deirimse go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm seo ceart agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim.

Sínithe:

Dáta: L L M M B B B B

Cuid 4

Ranníocaíocht an chliaint

Chomh maith le d'fhoirm iarratais chomhlánaithe, ní mór duit cruthúnas ar d'ioncam agus do shócmhainní a sheoladh chugainn ionas go mbeimid in ann do ranníocaíocht sheachtainiúil faoi chomhair chostas an chúraim tí altranais a ríomh. Tugtar measúnú airgeadais air seo.

Breathnófar ar d'ioncam agus ar do chuid sócmhainní mar chuid den mheasúnú airgeadais lena dhéanamh amach cén ranníocaíocht a bheidh le híoc agat faoi chomhair do chúraim. Íocfaidh FSS an chuid eile de chostas do chúraim ansin. Mar shampla, dá gcosnódh do chúram €1,000 sa tseachtain agus dá mba €300 do ranníocaíocht sheachtainiúil, d'íocfadh FSS an fuílleach €700 gach seachtain.

Tá cosaintí tábhachtacha i gceist leis an measúnú airgeadais ar fiú a bheith ar an eolas fúthu:

(a) Ní íocfaidh duine ar bith níos mó ná costas a chúraim.

(b) Coinneoidh tú liúntas pearsanta 20% de d'ioncam nó 20% d'uasráta an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach), cibé acu is mó

(c) Má tá céile / páirtí agat a bheidh ag fanacht sa bhaile, coinneoidh sé nó sí 50% d'ioncam na lánúine nó uasráta an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach), cibé acu is mó

(d) Más rud é go mbeidh beirt na lánúine ag dul faoi chúram i dteach altranais, coinneoidh siad beirt nach lú ná 20% dá n-ioncam nó 20% d'uasráta an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach), cibé acu is mó

Lánúineacha agus an measúnú airgeadais

Má tá céile nó páirtí agat, breathnófar ar bhur n-ioncam agus ar bhur sócmhainní mar chuid den mheasúnú airgeadais.

Is éard is lánúin ann ná:

- lánúin phósta
- lánúin heitrighnéasach nó homaighnéasach atá in aontíos mar pháirtithe saoil le 3 bliana anuas ar a laghad

I gcás gur duine de lánúin thú atá ag cur isteach ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais, déanfar measúnú ar leath d'ioncam iomlán na lánúine.

Lánúineacha agus cur isteach ar iasacht tí altranais

Mura bhfuil sé d'acmhainn ag ceachtar céile nó páirtí cinntí a dhéanamh maidir le hiarratas faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais, beidh ar an gcéile nó ar an bpáirtí eile a bheith:

- ina C(h)oiste Coimircí Cúirtef
- ina D(h)uine atá ceaptha faoi Chumhacht Mharthanach Chláraithe Aturnae
- ina (h)Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh trí Ordú Cúirte

Cuid 4B – Níl an chuid seo le comhlánú ach amháin i gcás nach bhfuil sé d'acmhainn ag an duine a bhféadfadh seirbhísí cúraim a bheith ag teastáil uaidh/uirthi cinntí a dhéanamh maidir leis an iarratas

Déanaimse, (cuir isteach ainm)

iarratas leis seo ar Thacaíocht Stáit faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais

thar ceann (ainm an duine)

Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam mar (cuir tic sa bhosca cuí):

- ☐ céile nó páirtí
- ☐ leanbh de chuid an iarratasóra, os cionn 18 mbliana d'aois
- ☐ liachleachtóir cláraithe
- ☐ altra cláraithe
- ☐ oibrí sóisialta cláraithe
- ☐ Coiste Coimircí Cúirte*
- ☐ Duine / daoine atá ceaptha faoi Chumhacht Mharthanach Chláraithe Aturnae*
- ☐ Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh trí Ordú Cúirte*

Tá Cuid 4 den fhoirm seo léite agam agus deirimse go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm seo ceart agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim.

Sínithe:

Dátaithe: L L M M B B B B

(*Cuir fianaise dhoiciméadach faoi iamh)

Cuid 4

Cuid 5 – Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)

Nótaí le cabhrú leat Cuid 5 a chomhlánú

Céard í an iasacht tí altranais?

Gné roghnach den Scéim Tacaíochta Tithe Altranais is ea an iasacht tí altranais atá dírithe ar na daoine siúd a bhfuil sócmhainní réadmhaoine / talamhbhunaithe acu i bPoblacht na hÉireann. In ionad d'airgead féin a úsáid leis an ranníocaíocht iomlán sheachtainiúil a íoc, is féidir leat cur isteach ar Iasacht Tí Altranais leis an gcuid de do ranníocaíocht atá bunaithe ar shócmhainní réadmhaoine / talamhbhunaithe laistigh de Phoblacht na hÉireann a chlúdach. I gcás iasacht tí altranais, is féidir íoc as an gcúram a chur siar go dtí go mbeidh an duine éagtha, agus leas a bhaint as a leithéid de shócmhainní in urrús ar an iasacht.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar an iasacht tí altranais agus an t-iarratas tosaigh á dhéanamh nó ag am ar bith tar éis duit dul chun cónaí i dteach altranais. Má dhéanann tú iarratas ar an iasacht roghnach tí altranais agus an t-iarratas tosaigh á dhéanamh, áfach, déanfar cinnte de go mbeidh idir d'iasacht agus do chuid maoinithe faoin Margadh Cothrom ceadaithe ón dáta céanna. Is féidir leat cur isteach ar an iasacht roghnach tí altranais agus ní gá duit leanúint ar aghaidh léi má athraíonn tú d'intinn.

B'fhéidir gur mhaith leat, dá bhrí sin,**comhairle neamhspleách dlí** a lorg sula ndéanfaidh tú iarratas ar Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit). Tabhair faoi deara, áfach, nach bhfuil aon cheanglas ort déanamh amhlaidh.

Cuid 5

Cuid 5A – Iarratas ar iasacht tí altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)

Le comhlánú ag an duine a bhfuil cúram de dhíth air nó ag a (h)ionadaí

Déanaimse/Déanaimidne iarratas leis seo ar an Tacaíocht Choimhdeach Stáit (iasacht tí altranais), agus iarraim/iarraimid freisin go n-íocfar í, faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 ("an tAcht") i leith na sócmhainne / sócmhainní réadmhaoine / talamhbhunaithe seo a leanas atá suite laistigh de Phoblacht na hÉireann. Admhaím/admhaímid go gcruthófar, mar thoradh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit, muirear i bhfabhar FSS (a mheastar, de bhua an Achta, ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é) ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin i cibé talamh atá sonraithe san iarraidh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit (iasacht tí altranais). Tá mise / muidne ag toiliú go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS ar an tsócmhainn / na sócmhainní atá liostaithe thíos.

1ú Réadmhaoin		2ú Réadmhaoin	
Sonraí na Sócmhainne:		Sonraí na Sócmhainne:	
Uimhir/Ainm an Tí:		Uimhir/Ainm an Tí:	
Sráid:		Sráid:	
Baile/Cathair:		Baile/Cathair:	
Contae:		Contae:	
Uimhir an Fhóilió (más eol):		Uimhir an Fhóilió (más eol):	
Éirchód:		Éirchód:	

(Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an teideal ar an maoin, m.sh. cóip d'fhóilió ó Chlárlann na Talún / cóip de Ghníomhas Teidil / cóip de léas / cóip de thíolacas. Más réadmhaoin léasach í, caithfear cóip den léas a chur ar fáil)

Sínithe:	*(Iarratasóir)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Páirtí / Céile)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Duine atá ag síniú thar ceann an Iarratasóra)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Duine atá ag síniú thar ceann an Pháirtí / Chéile)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	

Má tá tú ag síniú mar Choiste Coimircí Cúirte, mar Aturnae faoi Chumhacht Mharthanach Chláraithe Aturnae, nó mar Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh ag an gCúirt, tabhair fianaise ar do cheapachán.

An iasacht tí altranais a aisíoc

Ní mór an iasacht tí altranais a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim tar éis bhás an duine.

Beidh ort an iasacht a aisíoc láithreach:

- má dhíolann tú nó má aistríonn tú do réadmhaoin. Ní mór duit an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais i do cheantar a chur ar an eolas laistigh de 10 lá oibre má dhíolann tú nó má aistríonn tú an réadmhaoin
- má fhógraíonn tú féin nó do chéile nó do pháirtí féimheacht
- má chuireann tú faisnéis bhréagach ar fáil san iarratas

Is féidir leat í seo a aisíoc go deonach am ar bith roimh bhás.

Caithfear an iasacht tí altranais a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, ní le FSS.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi ar féidir íocaíochtaí a dhéanamh le fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Maidir le hiasacht tí altranais (Tacaíocht Stáit Choimhdeach) a cuireadh ar fáil faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, más mian le cliant í a aisíoc go deonach sula dtarlóidh Teagmhas Iomchuí , ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais sa cheantar áitiúil. Tá sonraí na n-oifigí go léir leagtha amach ar leathanach 38.

Cuirfimid an duine cuntasach iomchuí ar an eolas nuair a bheidh aisíoc na hiasachta dlite. Cuirfear **an praghasinnéacs tomhaltóirí** i bhfeidhm ar an méid a bheidh dlite.

Caithfear an iasacht a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis bhás an duine faoi chúram. Mura n-aisíoctar an iasacht laistigh de 12 mhí, beidh ús i gceist. Tosóidh an t-ús ó dháta an bháis.

Má dhíoltar nó má aistrítear an réadmhaoin agus an duine fós faoi chúram, ní mór an iasacht a aisíoc tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta a díolta nó a haistrithe. Mura n-aisíoctar an iasacht laistigh de 6 mhí, beidh ús i gceist.

Tugtar **“an duine cuntasach iomchuí”** ar an duine atá freagrach as an iasacht tí altranais a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ní gá gurbh é an duine cuntasach ábhartha an t-iarratasóir, ag brath ar na cúinsí mar atá leagtha amach sna samplaí seo a leanas:

Ainm aon daoine eile atá ina gcónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra amhail ar dháta an iarratais

	Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra	
	Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra	
	Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra	
	Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra	
	Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra	
	Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra	

Sonraí maidir leis an Duine Cuntasach Iomchuí

Ainm:	
Seoladh:	
Uimh. Fóin:	
Éirchód:	

UPSP:

Éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim na sonraí thuas maidir leis an Duine Cuntasach Iomchuí i dtaca le haisíoc na hiasachta tí altranais.

Aon duine a thabharfaidh faisnéis atá bréagach nó míthreorach do FSS go feasach nó go meargánta i dtaca le hiarratas ar thacaíocht airgeadais, dlífear, ar é nó í a chiontú, fíneáil agus / nó príosúnacht a ghearradh air nó uirthi.

Cuid 5

Sampla 1: I gcás go ndéanfar cuid de bhur maoin nó bhur maoin ar fad a aistriú nó a dhíol i gcaitheamh bhur saoil, is tusa agus do chéile / pháirtí na daoine cuntasacha iomchuí.

Sampla 2: I gcás go dtiocfaidh an iasacht chun bheith inaisíoctha tar éis bhás an iarratasóra, is é ionadaí pearsanta an duine éagtha an duine cuntasach iomchuí. Féadfar duine a gheobhaidh an mhaoin nó nó aon chuid di le hoidhreacht, nó a mbeidh leas aige nó aici inti, a bheith freagrach freisin as aisíoc na hiasachta.

Aisíoc na hiasachta tí altranais a chur siar

Tiocfaidh an iasacht chun bheith inaisíoctha laistigh de 12 mhí ó dháta an bháis. Féadtar an t-aisíoc a chur siar i gcásanna áirithe. Caithfear iarratas a dhéanamh chuig Oifig Tacaíochta na hIasachta Tí Altranais.

I measc na ndaoine ar féidir leo iarratas a dhéanamh le haisíoc na hiasachta a chur siar tá:

- do chéile nó do pháirtí
- leanbh leat atá faoi bhun 21 bhliain d'aois (nó leanbh le do chéile / do pháirtí)
- leanbh leat ar chuntar nach mó luach a c(h)uid sócmhainní ná €36,000
- deartháir nó deirfiúr leat ar chuntar nach mó a c(h)uid sócmhainní ná €36,000
- gaol atá ag fáil liúntas míchumais nó liúntas dá leithéid, phinsean na ndall, nó

Cuid 5B – Toiliú an chomhúinéara/na gcomhúinéirí

Iarrtar ar aon duine/daoine a bhfuil réadmhaoin aige/aici/acu i gcomhpháirt leis an iarratasóir an t-alt seo a shíniú.

Tugaimse / tugaimidne (cuir isteach ainm iomlán)	
agus	
agus	
agus	
agus	

(comhúinéir(í) na sócmhainne/sócmhainní atá luaite thíos), cead i scríbhinn roimh ré go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 ("an tAcht") i leith na sócmhainne/sócmhainní réadmhaoine / talamhbhunaithe seo a leanas atá suite laistigh de Phoblacht na hÉireann Admhaím/admhaímid go gcruthófar, mar thoradh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit, muirear i bhfabhar FSS (a mheastar, de bhua an Achta, ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é) ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin i cibé talamh atá sonraithe san iarraidh seo ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit.

	1ú Réadmhaoin		2ú Réadmhaoin
Sonraí na Sócmhainne:		Sonraí na Sócmhainne:	
Uimhir/Ainm an Tí:		Uimhir/Ainm an Tí:	
Sráid:		Sráid:	
Baile/Cathair:		Baile/Cathair:	
Contae:		Contae:	
Uimhir an Fhóilió (más eol):		Uimhir an Fhóilió (más eol):	
Éirchód:		Éirchód:	

Cuid 5

an Phinsin Stáit (neamh-ranníocach), nó nach mó a (h) ioncam ná an Pinsean Stáit (Ranníocach)

- gaol atá ag fáil pinsean nó liúntas eachtrannach atá cosúil leis na cinn thuas
- gaol ar leis nó léi foirgneamh a bhfuil an phríomháit chónaithe ceangailte leis (‘árasán muintire’, cuir i gcás)
- aon duine a thug aire don duine faoi chúram sula ndeachaigh sé nó sí isteach sa teach altranais (déantar an méid seo amach trí thagairt d’íocaíochtaí leasa shóisialta iomchuí, ar nós an liúntais cúramóra)

Tugtar ‘daoine bainteacha’ ar dhaoine aonair seachas céile nó páirtí. Is féidir leo iarratas a dhéanamh le haisíoc na hiasachta a chur siar. Ní mór dóibh na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- caithfidh sé gurb é an teach an t-aon áit chónaithe atá acu
- caithfidh siad a bheith ina gcónaí sa teach ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana roimh an iarratas bunaidh ar an iasacht tí altranais
- caithfidh siad gan aon leas a bheith acu in aon réadmhaoin eile

Caithfear an iasacht a aisíoc laistigh de 12 mhí ó dháta báis an duine ar ceadaíodh dó nó di aisíoc na hiasachta a chur siar.

Má thagann athrú ar chúinsí an duine bhaintigh, ní mór an iasacht a aisíoc. Mar shampla, má dhíoltar an réadmhaoin nó mura mbeidh cónaí air nó uirthi sa teach a thuilleadh, caithfear an iasacht a aisíoc laistigh de 6 mhí.

Déan teagmháil le hOifig Náisiúnta na hIasachta Tí Altranais le tuilleadh eolais a fháil ar 057 931 8400.

Igcásgo bhfuil an teach, an fheirm, an gnólacht nó an tsócmhainn eile faoi úinéireacht níos mó ná duine amháin, iarrann FSS ar gach comhúinéir Cuid 5B den fhoirm seo a chomhlánú.

Sínithe:	*(Comhúinéir)*	Dátaithe:	L	L	M	M	B	B	B	B
Sínithe:	*(Comhúinéir)*	Dátaithe:	L	L	M	M	B	B	B	B
Sínithe:	*(Comhúinéir)*	Dátaithe:	L	L	M	M	B	B	B	B
Sínithe:	*(Comhúinéir)*	Dátaithe:	L	L	M	M	B	B	B	B
Sínithe:	*(Comhúinéir)*	Dátaithe:	L	L	M	M	B	B	B	B

Ní mheasfar déanamh muirir i bhfabhar FSS a bheith ar neamhní de cheal réamhthoiliú i scríbhinn ó chomhúinéir.

Cuid 6 – Srian 3 Bliana ar fheirmeacha agus gnólachtaí iomchuí

Nótaí le cabhrú leat Cuid 6 a chomhlánú

An srian 3 bliana

Mar chuid den mheasúnú airgeadais faoin Margadh Cothrom, tabharfaidh tú 7.5% de luach sócmhainní áirithe gach bliain faoi chomhair chostas do chúraim go ceann 3 bliana ar a mhéad.

Tugtar an srian 3 bliana air sin.

Áirítear leis na sócmhainní féideartha:

- d'áit chónaithe
- an t-airgead ó dhíol do thí
- do fheirm nó do ghnólacht iomchuí

Beidh feidhm ag an srian 3 bliana beag beann ar cibé acu a thógfaidh tú amach iasacht tí altranais nó nach dtógfaidh. Tá tuilleadh eolais le fáil ag hse.ie/nhss

Bainfear d'áit chónaithe de do mheasúnú airgeadais go huathoibríoch tar éis duit a bheith faoi chúram ar feadh 3 bliana. Ní gá duit aon rud a dhéanamh.

Má dhíolann tú d'áit chónaithe agus tú faoi chúram

Má dhíolann tú do bhaile agus tú faoi chúram, beidh glanfháltais an díola incháilithe le haghaidh an tsriain 3 bliana chomh maith.

- Ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais i do cheantar áitiúil má dhíolann tú do theach. Tá na sonraí teagmhála leagtha amach ar leathanach 38.

Cuid 6

Cuid 6A – Iarratas le comharba teaghlaigh a cheapadh: Feirm / gnólacht iomchuí

Le comhlánú ag an duine a bhfuil cúram de dhíth air nó ag a (h)ionadaí

Déanaimse / déanaimidne (cuir isteach ainm iomlán)

agus

iarratas go gceapfar an duine thíosainmnithe mar chomharba teaghlaigh faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (Leasú), 2021 i leith na sócmhainní réadmhaoine agus talamhbhunaithe atá liostaithe i gCuid 6B.

Ainm:

Seoladh:

Éirchód:

Uimh. Fóin:

Uimh. Fóin Póca:

Ríomhphost:

Dáta Breithe: L L M M B B B B

UPSP:

Gaol leis an duine faoi chúram:

Feirm agus gnólacht iomchuí

Ní mór duit iarratas a dhéanamh más mian leat go gcuirfí d'fheirm nó do ghnólacht iomchuí san áireamh chun críche an tsriain 3 bliana. Le go n-éireoidh le d'iarratas, ní mór duit coinníollacha áirithe a chomhlíonadh, atá leagtha amach ar leathanach 32.

I measc na gcoinníollacha sin tá:

- ní mór duit iarratas a dhéanamh chugainn le comharba teaghlaigh a cheapadh, duine a thabharfaidh gealltanas an fheirm nó an gnólacht a reáchtáil go ceann 6 bliana ar a laghad
- Caithfidh sé go raibh d'fheirm nó do ghnólacht iomchuí á reáchtáil go gníomhach agatsa, ag do chéile / do pháirtí nó ag do chomharba teaghlaigh beartaithe ar feadh 3 bliana ar a laghad sna 5 bliana roimh duit dul faoi chúram fadtéarmach.
- cuirfear muirear i bhfabhar FSS ar réadmhaoin inmhuirir gnólachta nó feirme

Comharba teaghlaigh a cheapadh

Ní mór duit an fhoirm iarratais seo ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais a úsáid le hiarratas a dhéanamh chugainn le do chomharba teaghlaigh a cheapadh. Ní mór do do chomharba teaghlaigh a bheith 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus a bheith i do chéile / do pháirtí, ina g(h)aol leat, nó ina g(h)aol le do chéile / do pháirtí.

Is éard is brí le gaol ná:

- leanbh
- garleanbh
- deartháir nó leasdeartháir
- deirfiúr nó leasdeirfiúr
- uncail
- aintín

Tá dearbhú reachtúil tugtha ag an duine atá ainmnithe ar an leathanach roimhe seo, má cheaptar mar chomharba teaghlaigh é nó í, go mbeidh cuid shubstaintiúil dá g(h)nátham oibre dírithe go rialta comhsheasmhach ar an tsócmhainn teaghlaigh a reáchtáil go ceann tréimhse 6 bliana a thosóidh ar dháta a c(h)eaptha.

Sínithe:	*(Iarratasóir)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Páirtí / Céile)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Duine atá ag síniú thar ceann an Iarratasóra)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Duine atá ag síniú thar ceann an Pháirtí / Chéile)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	

Má tá tú ag síniú thar ceann an iarratasóra nó páirtí nó céile an iarratasóra, tabhair fianaise dhoiciméadach ar do cheapachán.

Tabhair do d'aire: Má tá níos mó ná sócmhainn amháin agat agus más mian leat níos mó ná comharba teaghlaigh amháin a cheapadh i leith do chuid sócmhainní, beidh ort iarratas ar leith a chomhlánú maidir le gach ceann acu.

Más sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn, caithfidh gach duine d'úinéirí na sócmhainne an chuid seo a chomhlánú.

Déanaimse / déanaimidne (cuir isteach ainm iomlán)

as (an chéad líne den seoladh)

i gContae / gCathair Éirchód:

úinéir(í) na sócmhainne / na sócmhainní dá dtagraítear i gCuid 6B, a thoiliú leis seo:

(a) go ndéanfar iarratas le comharba teaghlaigh a cheapadh, agus

(b) go gcruthófar muirear ar an tsócmhainn / na sócmhainní atá sonraithe i gCuid 6B.

Sínithe:		Dátaithe:	L L M M B B B B
Sínithe:		Dátaithe:	L L M M B B B B

Cuid 6

- nia nó neacht
- cliamhain nó banchliamhain
- tuismitheoir nó leastuismitheoir

Cén chaoi do chomharba teaghlaigh a cheapadh

Beidh ort Cuid 6 den fhoirm iarratais seo a chomhlánú.

Beidh ort doiciméid tacaíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear dearbhuithe reachtúla sínithe (mionnscríbhinní). Tá na dearbhuithe reachtúla ar fáil ar hse.ie/nhss

Déan iarratas le do chomharba teaghlaigh a cheapadh a luaithe is féidir leat. Moltar duit déanamh amhlaidh ionas go mbeidh do chomharba teaghlaigh in ann tús a chur leis an tréimhse 6 bliana a chaithfidh sé nó sí a chur isteach ag reáchtáil d'fheirme nó do ghnólachta iomchuí. Cuirfear tús leis an tréimhse sin ar an lá a gceapfaimid go foirmiúil é nó í. Ní fhéadfar do chomharba teaghlaigh a cheapadh go dtí go mbeidh tú faoi chúram.

Déanfaimid athbhreithniú ar do chomharba teaghlaigh ceaptha d'fhonn a chinntiú go mbeidh coinníollacha na scéime á gcomhlíonadh aige nó aici. Féadfar an t-athbhreithniú sin a dhéanamh am ar bith le himeacht na tréimhse 6 bliana.

Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh in aghaidh aon chinnidh a dhéanfaimid. Le hachomharc a dhéanamh, déan teagmháil leis an Oifig Náisiúnta Achomhairc tríd an ríomhphost ag nationalappeals@hse.ie

Má d'aistrigh tú d'fheirm nó do ghnólacht iomchuí go dlíthiúil chuig comharba teaghlaigh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh chuig FSS go fóill le comharba teaghlaigh a cheapadh tríd an scéim. Déan an méid sin fiú má d'aistrigh tú d'fheirm nó do ghnólacht go dlíthiúil chuig do chomharba sna 5 bliana roimh duit do chéad iarratas a dhéanamh nó tráth ar bith tar éis duit do chéad iarratas a dhéanamh.

Cuid 6

Cuid 6B – Toiliú le cruthú muirir

Admhaím/admhaímid go gcruthófar, mar thoradh ar cheadú an tsriain 3 bliana, muirear i bhfabhar FSS (a mheastar, de bhua an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é) ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin i cibé talamh atá sonraithe san iarratas seo agus, i gcás sócmhainn aistrithe, ar leas úinéirí na sócmhainne aistrithe sin.

Tá mise/muidne ag toiliú go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS ar na sócmhainní atá liostaithe thíos.

	1ú Réadmhaoin		2ú Réadmhaoin
Sonraí na Sócmhainne:		Sonraí na Sócmhainne:	
Uimhir / Ainm an Tí:		Uimhir / Ainm an Tí:	
Sráid:		Sráid:	
Baile/Cathair:		Baile/Cathair:	
Contae:		Contae:	
Uimhir an Fhóilió (más eol):		Uimhir an Fhóilió (más eol):	
Éirchód:		Éirchód:	

(Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an teideal ar an réadmhaoin, m.sh. cóip d'fhóilió ó Chlárlann na Talún, léas, tíolacas. *Más réadmhaoin léasach í, caithfear cóip den léas a chur ar fáil.*

Sínithe:	*(Iarratasóir)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Páirtí / Céile)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Duine atá ag síniú thar ceann an Iarratasóra)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	
Sínithe:	*(Duine atá ag síniú thar ceann an Pháirtí / Chéile)*	Dátaithe:	L L M M B B B B
		UPSP:	

Ní mór don fheirm nó don ghnólacht iomchuí a bheith á oibriú go gníomhach

Caithfidh sé go raibh an fheirm nó an gnólacht á reáchtáil go gníomhach agatsa, ag do chéile / do pháirtí nó ag do chomharba teaghlaigh ar feadh 3 bliana ar a laghad sna 5 bliana anuas.

An tréimhse suas go dtí an lá a rachaidh tú isteach i gcúram atá i gceist anseo.

Beidh ort cruthúnas air sin a thabhairt dúinn.

Ní bheidh tú incháilithe le haghaidh an tsriain 3 bliana mura gcomhlíonann tú an coinníoll seo.

Feirm – cén chaoi ar féidir a chruthú go bhfuil feirm á hoibriú go gníomhach?

Ní mór duit cruthúnas a chur ar fáil go raibh d'fheirm á hoibriú go gníomhach agatsa, ag do chéile / do pháirtí nó ag do chomharba teaghlaigh. Is iondúil go n-úsáidtear aitheantóir gníomhach ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara mar chruthúnas anseo.

Seo a leanas na haitheantóirí ón Roinn a nglacfaimid leo ar chuntar go bhfuil siad gníomhach:

- tréaduimhir chláraithe agus stádas mar úinéir tréada maidir le gach bliain ón mbliain ar ceapadh an comharba teaghlaigh. Glactar le stádas mar choimeádaí tréada i gcás an chomharba teaghlaigh
- uimhir chláraithe comhpháirtíochta feirme
- uimhir ealta, chomh maith le stádas mar úinéir ealta
- uimhir tréada caorach
- uimhir áitribh eachaí (EPRN)
- uimhir tréada muc, chomh maith le stádas mar úinéir tréada
- uimhir neamh-ainmhí nó ghránbhairr

Cuid 6C – Toiliú na gcomhúinéirí

Comhlánaigh an chuid seo má tá an tsócmhainn réadmhaoine dá dtagraítear thíos faoi chomhúinéireacht.

Déanaimse / déanaimidne (cuir isteach ainm iomlán)

agus

comhúinéirí na sócmhainní atá liostaithe thíos, cead go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, arna leasú, ("an tAcht") i leith na sócmhainní réadmhaoine/ talamhbhunaithe seo a leanas atá suite laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Admhaím / admhaímid, mar thoradh ar íoc na Tacaíochta Stáit méadaithe de bharr gur cuireadh srian 3 bliana ar shócmhainní feirme agus/nó gnólachta iomchuí, go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS, a mheasfar de bhua an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é, ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin agus, i gcás sócmhainn aistrithe, ar leas an chomharba teaghlaigh ar aistríodh an tsócmhainn sin chuige nó chuici.

	1ú Réadmhaoin		2ú Réadmhaoin
Sonraí na Sócmhainne:		Sonraí na Sócmhainne:	
Uimhir/Ainm an Tí:		Uimhir/Ainm an Tí:	
Sráid:		Sráid:	
Baile/Cathair:		Baile/Cathair:	
Contae:		Contae:	
Uimhir an Fhóilió (más eol):		Uimhir an Fhóilió (más eol):	
Éirchód:		Éirchód:	

Sínithe: *(larratasóir)* Dátaithe: L L M M B B B B

Sínithe: *(larratasóir)* Dátaithe: L L M M B B B B

Ní mheasfar déanamh muirir i bhfabhar FSS a bheith ar neamhní de cheal réamhthoiliú i scríbhinn ó chomhúinéir.

Féach an chéad leathanach eile le tuilleadh eolais a fháil faoin srian 3 bliana.

- uimhir chláraithe árthaigh iascaireachta atá ar Chlár na mBád Iascaireachta Mara arna choinneáil ag an Roinn

Glacfaimid leis an gcruthúnas seo ar iarratas bailí ar BPS i mbliain na scéime reatha nó cóip de thástáil tréada le bliain anuas.

Mura féidir leat ceann de na nithe thuas a chur ar fáil, seans go nglacfaimid le cruthúnas eile go bhfuil tusa nó do chomharba teaghlaigh i do/ina f(h) eirmeoir gníomhach.

Ní mór duitse agus do do chomharba ceann amháin díobh seo a leanas a chur ar fáil freisin:

- Iarratais BPS maidir le gach píosa talún a n-éilítear an faoiseamh faoin aitheantóir céanna ón Roinn – glacfaimid le dearbhú na ndáileachtaí foraoiseachta ar iarratas BPS
- deimhniú rannpháirtíochta i Scéim um Dhearbhú Cáilíochta de chuid an Bhoird Bia
- cruthúnas ar bhallraíocht i Scéim Dearbhaithe Arbhair na hÉireann
- cruthúnas go bhfuil tú ag táirgeadh bainne agus á chur chuig ceannaitheoir cláraithe bainne
- cruthúnas go gcuireann tú isteach sonraí áirimh bliantúla maidir le gach caora, gabhar, muc agus eachaí atá á gcóiméad
- cuntais dheimhnithe feirme agus doiciméid maidir le díol torthaí gairneoireachta
- cuntais dheimhnithe feirme agus doiciméid maidir le díol féir agus sadhlais
- cóip de phróifíl na n-ainmhithe ar Chóras AIM na Roinne laistigh de bhliain anuas
- aon doiciméid eile a bhféadfaí glacadh leo mar chruthúnas gur feirmeoir gníomhach thú

B'fhéidir go mbeadh cóipeanna de na doiciméid thuas ag teastáil uainn maidir le blianta éagsúla. Má bhíonn a leithéid ag teastáil uainn, cuirfimid é sin in iúl duit.

Ní mór na doiciméid a bheith bainteach leis an talamh céanna nó leis na sócmhainní céanna a bhfuil tú ag déanamh iarratais ar an Margadh Cothrom ina leith.

Gnólacht – cén chaoi ar féidir a chruthú go bhfuil gnólacht á oibriú go gníomhach?

Ní mór duit nó do do chomharba teaghlaigh cruthúnas a chur ar fáil go raibh tú nó do chomharba teaghlaigh ag obair go gníomhach sa ghnólacht ar feadh 3 bliana ar a laghad sna 5 bliana roimh duit dul faoi chúram.

Caithfidh do chomharba teaghlaigh a bheith in ann cruthúnas a chur ar fáil freisin am ar bith sna 6 bliana atá amach romhainn go bhfuil sé nó sí ag obair go gníomhach sa ghnólacht. Féadfaimid an cruthúnas sin a iarraidh am ar bith.

Beidh ort féin agus ar do chomharba teaghlaigh na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- cruthúnas go bhfuil an gnóthas cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim
- doiciméid chlárúcháin ghnó nó taifid chánach phearsanta lena léirítear go raibh tú, do chéile / do pháirtí nó do chomharba teaghlaigh i do / ina stiúrthóir, f(h)ostaí d(h)ílseánach aonair nó p(h)áirtnéir de chuid an ghnólachta
- taifid chánach phearsanta nó ráitis bhainc lena léirítear ioncam a íocadh leat, le do chéile / do pháirtí nó le do chomharba teaghlaigh ón ngnólacht

Ba cheart duit ceann de na nithe seo a leanas a chur ar fáil freisin:

- fianaise ar idirbheart tráchtála, ar bhille nó ar pholasaí árachais, lena bhfuil d'ainm, ainm do chéile / do pháirtí nó ainm do chomharba teaghlaigh luaite
- litir ó chuntasóir nó ó dhlíodóir ina ndearbhaítear go bhfuil tú, do chéile / pháirtí, nó do chomharba teaghlaigh ag comhlíonadh théarmaí an Dearbhaithe Reachtúil
- clárú le comhlacht dlíthiúil nó gairmiúil a bhaineann leis an ngnólacht i d'ainm, in ainm do chéile / pháirtí, nó in ainm do chomharba teaghlaigh

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le clárú le comhlacht dlíthiúil nó gairmiúil:

- clárú le comhlacht gairmiúil, m.sh. cleachtas dlí, cuntasaíochta nó leighis
- clárú gnólachta bia le FSS
- ceadúnas ceantálaí
- clárú bróicéara agus déileálaí dramhaíola
- ceadúnas tábhairneora
- ceadúnas geallghlacadóra
- Clár Náisiúnta na Miondíoltóirí Tobac

D'fhéadfadh sé go nglacfaimis le haon doiciméid a chruthaíonn go bhfuil an gnólacht á oibriú go gníomhach ag do chomharba theaghlaigh.

Muirear ar d'fheirm nó ar do ghnólacht

Ní mór duit a aontú go gcuirfimis muirear i bhfabhar FSS ar d'fheirm nó ar do ghnólacht. Ní mór duit féin, do chéile / pháirtí agus aon duine eile a bhfuil leas aige nó aici san fheirm nó sa ghnólacht aontú leis sin.

Cuid 6

Is éard is muirear ann ná cineál morgáiste a chuirfear ar réadmhaoin d'fheirme nó do ghnólachta.

Bainfear an muirear a luaithe:

1. A thiocfaidh deireadh le tréimhse ghealltanais 6 bliana do chomharba teaghlaigh.
2. A bheidh gach coinníoll eile a bhaineann leis an srian 3 bliana comhlíonta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ort airgead a aisíoc linn dá dteipfeadh ar do chomharba teaghlaigh coinníollacha na scéime a chomhlíonadh.

Ní ceadmhach íocaíochtaí a shiardhátú

Ní fhéadtar íocaíochtaí a shiardhátú ná aisíocaíocht a fháil i leith íocaíochtaí a rinneadh roimh an srian 3 bliana.

Mar shampla, má tá 5 bliana caite agat faoi chúram, d'fhéadfá a bheith incháilithe le haghaidh an tsriain 3 bliana. Ach ní bheifeá incháilithe amhlaidh ach ón dáta a gceapfaimid do chomharba teaghlaigh ar aghaidh.

Ní aisíocfar leat aon íocaíochtaí a rinneadh cheana.

I gcás go ndíolfaidh tú d'fheirm nó do ghnólacht

I gcás go ndíolfaidh tú d'fheirm nó do ghnólacht am ar bith, déanfar an t-airgead ón díolachán a mheasúnú mar chuid de do shócmhainní airgid. Tarlóidh sé sin fiú má bhíonn tréimhse an tsriain 3 bliana thart.

Ní mór duit an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais a chur ar an eolas faoi aon díolachán dá leithéid. Ní mór duit an méid sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an díolacháin.

Is éard is cúis leis sin ná gur gá dúinn measúnú nua a dhéanamh le do ranníocaíocht sheachtainiúil a shocrú.

Fógra cosanta sonraí

Coinneoidh FSS gach faisnéis phearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar chuid den iarratas seo faoi rún daingean agus stórálfaidh go slán í. Nuair a gheobhaidh FSS d'fhoirm iarratais agus aon doiciméid tacaíochta eile, déanfaidh taifead digiteach i d'ainm. Beidh an fhaisnéis phearsanta iomchuí a chuir tú féin nó d'ionadaí cúraim ar fáil sa taifead sin.

Úsáidfidh agus coimeádfaidh FSS an taifead sin chun críocha d'iarratas ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais a phróiseáil. Féadfaidh FSS do chuid sonraí a úsáid le teagmháil a dhéanamh leat féin nó le do dhuine sonraithe le faisnéis atá ar iarraidh a lorg nó le faisnéis a chuir tú ar fáil a fhíorú.

Ní nochtfaidh FSS do dhaoine ná d'eagraíochtaí eile (ná ní roinnfidh leo) an fhaisnéis phearsanta a chuirfidh tú ar fáil ach amháin má bhíonn cead tugtha chuige sin ag an duine a mbaineann an fhaisnéis leis nó léi nó má cheanglaítear ar FSS déanamh amhlaidh de réir dlí.

Tá ráiteas príobháideachais FSS ar fáil ag ag www.hse.ie.

Bhí an t-eolas san fhoirm iarratais seo ceart tráth ar cuireadh i gcló í.
Beidh tuairiscí chun dáta maidir le haon athruithe ar an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais ar fáil ar www.hse.ie

Oifigí Tacaíochta Tithe Altranais FSS

Tá an Oifig Tacaíochta Tithe Altranais i do cheantarsa ann le cabhrú leat an fhoirm a chomhlánú nó ceisteanna faoi d'iarratas a fhreagairt. Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe agat, seol ar ais chuig d'oifig áitiúil í:

Ceatharlach/Cill Chainnigh Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Seirbhísí Pobail, Faiche Shan Séamas, Cill Chainnigh, R95 RP26.

Fón: 056 77 84761 / 056 77 84763 / 056 77 84709

An Cabhán/Muineachán Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, FSS, Sráid Halla an Bhaile, an Cabhán, H12 W3R2.

Fón: 049 4377119 / 049 4377115 / 049 4377114 / 049 4377113

Corcaigh / Ciarraí Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Urlár 1, an tÁras Sláinte, Bóthar Wilton, Corcaigh, T12 XRR0.

Fón: 021 4923536 / 021 4923537 / 021 4923538, 021 4923539 / 021 4923540 / 021 4923541 / 021 4923542
R-phost: nhsocork@hse.ie

Dún na nGall Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Ceannáras PCCC Dhún na nGall, Ospidéal Iósaif, Srath an Urláir, Leifear, Co. Dhún na nGall, F93 FCR6.

Fón: 074 9191734 / 074 9191740 / 074 9191737

Baile Átha Cliath Theas, Cill Mhantáin agus Cill Dara Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, 2ú hUrlár, Teach na Feá, 101-102 Páirc Ghnó an Náis, an Nás, Co. Chill Dara, W91 RC85.

Fón: 045 920 000
Ríomhphost: naas.nhss@hse.ie

Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Oifig Tacaíochta Tithe Altranais, Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta, Foirgneamh an Nexus, Aonaid 4 agus 5, Páirc Chorparáideach Bhaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 CF9K.

Fón: 01 897 6121
Ríomhphost: nhss.dncc@hse.ie

Gaillimh Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Seirbhísí Pobail, Lá Nua, Sráidbhaile Pobail an Bhaile Bháin, Bóthar Pháirc an Chaisleáin, an Baile Bán, Co. na Gaillimhe, H91 VE03.

Fón: 091 748490
Ríomhphost: FairDeal.Galway@hse.ie

Laois / Uíbh Fhailí Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta, in aice le Teach Riada, Bóthar an Ardáin, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 NF29.

Fón: 057 93 27834 / 057 93 27821 / 057 93 27830
Ríomhphost: RegionalNHSS.Tullamore@hse.ie

Luimneach, an Clár agus Tiobraid Árann Thuaidh Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Ospidéal Iósaif, Sráid Mulgrave, Luimneach, V94 C8DV.

Fón: 061 461499
Ríomhphost: nursinghomessupport@hse.ie

An Longfort / an Iarmhí Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, an tIonad Sláinte, Bóthar an Longfoirt, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, N91 HP76.

Fón: 044 9394995

Lú / an Mhí Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Aonad 3, Páirc Ghnó Bhaile Átha Fhirdhia, Sráid Mhic Héil, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú, A92 VC53.

Fón: 041 6871515 / 041 6871525

Maigh Eo Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Ceannáras Mhuire, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 HP58.

Fón: 094 9049176

Ros Comáin Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Foirgnimh an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Co. Ros Comáin, F42 VX53.

Fón: 090 6637561 / 090 6637546

Sligeach / Liatroim Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Teach Markievicz, Sráid na Beairice, Sligeach, F91 XC84.

Fón: 071 9321337

Tiobraid Árann Theas Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, an tIonad Cúraim Pobail, an Bóthar Iartharach, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann, E91 HT96.

Fón: 052 6177283

Port Láirge Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Seirbhísí Pobail Phort Láirge, Bóthar Chorcaí, Co. Phort Láirge, X91 VX09.

Fón: 051 842963

Loch Garman Oifig Tacaíochta Tithe Altranais FSS, Seirbhísí Pobail Loch Garman, Bóthar Sheoirse, Loch Garman, Y35 AW96.

Fón: 053 91 14316 / 053 91 14315